2024/2941

11.12.2024

TREOIRLÍNE (AE) 2024/2941 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 14 Samhain 2024

maidir leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh cuntasaíochta agus tuairisciú airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais *(BCE/2024/31)*

(athmhúnlú)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 26.4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Treoirlínte (AE) 2016/2249 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/34) ([1]) a leasú go suntasach roinnt uaireanta. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh air, ba cheart an Treoirlíne sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

(2) De bhun Airteagal 26.3 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta), dréachtaíonn an Bord Feidhmiúcháin clár comhardaithe comhdhlúite de chuid an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) chun críocha anailíse agus oibríochtúla agus chuige sin, bunaítear leis an Treoirlíne seo na prionsabail agus na rialacha is infheidhme maidir le bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) i ndáil le córas cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais an Eurochórais.

(3) Ba cheart go leagfaí amach sna prionsabail agus sna rialacha sin, mar aon lena raon feidhme, na príomhthréithe cáilíochtúla, na toimhdí agus na cuir chuige bhunúsacha chuntasaíochta lena bhfuil córas cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais an Eurochórais á thiomáint.

(4) Ba cheart a áireamh sna rialacha maidir le comhdhéanamh agus luacháil go bhféadfadh na BCNanna soláthar chun rioscaí airgeadais a chumhdach a chur ina gcláir chomhardaithe. Leis an mír 'Soláthairtí le haghaidh rioscaí' ar an gclár comhardaithe, ba cheart go bhféadfaí na soláthairtí le haghaidh rioscaí nár tháinig i gcrích a thaifeadadh ar leithligh ar an gclár comhardaithe bliantúil. Ina theannta sin, maidir leis an bhfaisnéis a bhaineann le:) nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht (b) íocaíocht i leith glanéilimh agus glandliteanais laistigh den Eurochóras a eascraíonn as leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus c) ioncam airgeadaíochta, ba cheart an fhaisnéis sin a chomhchuibhiú i ráitis airgeadais fhoilsithe an BCN.

(5) Ba cheart ioncam a aithint sa tréimhse ina dtuilltear é. Ba cheart gnóthachain agus caillteanais réadaithe a thaifeadadh sa chuntas brabúis agus caillteanais. Níor cheart gnóthachain neamhréadaithe a aithint mar ioncam ach iad a aistriú go díreach isteach i gcuntas athluachála. Ba cheart caillteanais neamhréadaithe a thaifeadadh sa chuntas brabúis agus caillteanais más rud é, ag deireadh na bliana, gur mó iad ná na gnóthachain athluachála roimhe sin a carnadh sa chuntas athluachála comhfhreagrach.

(6) Ba cheart do na BCNanna sonraí maidir le tuairisciú airgeadais an Eurochórais a thuairisciú i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na rialacha a bhunaítear sa Treoirlíne seo,

([1]) Treoirlíne (AE) 2016/2249 ón Bhanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 2016 maidir leis an gcreat dlí le haghaidh cuntasaíochta agus tuairisciú airgeadais i gCóras Eorpach na mBanc Ceannais (BCE/2016/34) (IO L 347, 20.12.2016, lch. 37).

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Treoirlíne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'banc ceannais náisiúnta' nó 'BCN' banc ceannais náisiúnta Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige;

(b) ciallaíonn 'críocha cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais an Eurochórais' na críocha dá dtáirgeann BCE na ráitis airgeadais atá liostaithe in Iarscríbhinn I i gcomhréir le hAirteagal 15 agus le hAirteagal 26 de Reacht CEBC;

(c) ciallaíonn 'eintiteas tuairiscithe' BCE nó BCN;

(d) ciallaíonn 'dáta athluachála ráithiúil' dáta an lae féilire deiridh de ráithe;

(e) ciallaíonn 'bliain athraithe airgid' tréimhse 12 mhí ón dáta a bhfaigheann nótaí bainc agus boinn in euro stádas airgid dlíthairgthe i mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá aige;

(f) ciallaíonn 'scála leithdháilte nótaí bainc' na céatadáin a éiríonn as sciar BCE in eisiúint iomlán nótaí bainc an euro a chur san áireamh agus as an scála caipitil suibscríofa a chur i bhfeidhm ar sciar na BCNanna san iomlán sin, faoi Chinneadh BCE/2010/29 ón mBanc Ceannais Eorpach ([2]);

(g) ciallaíonn 'comhdhlúthú' an próiseas cuntasaíochta trína ndéantar na figiúirí airgeadais ó eintitis dhlíthiúla éagsúla a chomhiomlánú amhail is dá mb'aon eintiteas amháin iad;

(h) ciallaíonn 'institiúid creidmheasa': (a) institiúid creidmheasa de réir bhrí Airteagal 4(1) de Rialachán (AE). 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), atá faoi réir a maoirseachta ag údarás inniúil; nó (b) institiúid creidmheasa eile de réir bhrí Airteagal 123(2) den Chonradh atá faoi réir grinnscrúdú de réir caighdeán atá inchurtha le maoirseacht ag údarás inniúil.

2. Tá sainmhínithe ar théarmaí teicniúla eile a úsáidtear sa Treoirlíne seo leagtha amach sa Ghluais atá ceangailte mar Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Treoirlíne seo maidir le BCE agus le BCNanna chun críocha cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais an Eurochórais.

2. Beidh raon feidhme na Treoirlíne seo teoranta do chóras cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais an Eurochórais arna leagan síos i Reacht CEBC. Mar thoradh air sin, ní bheidh feidhm aige maidir le tuarascálacha náisiúnta ná le cuntais airgeadais BCNanna. D'fhonn comhsheasmhacht agus inchomparáideacht a bhaint amach idir an tEurochóras agus córais náisiúnta, moltar gur cheart do BCNanna, a mhéid is féidir, na rialacha atá leagtha amach sa Treoirlíne seo a leanúint dá dtuarascálacha náisiúnta agus dá gcuntais airgeadais.

([2]) Cinneadh BCE/2010/29 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc in euro (IO L 35, 9.2.2011, lch. 26).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Airteagal 3

Saintréithe cáilíochtúla

Beidh feidhm ag na saintréithe cáilíochtúla a leanas:

(1) réaltacht eacnamaíoch agus trédhearcacht: léireoidh na modhanna cuntasaíochta agus an tuairisciú airgeadais réaltacht eacnamaíoch, beidh siad trédhearcach agus urramóidh siad tréithe cáilíochtúla intuigtheachta, ábharthachta, iontaofachta agus inchomparáideachta. Tabharfar cuntas ar idirbhearta agus cuirfear i láthair iad de réir a substainte agus a réaltachta eacnamaíche agus ní de réir a bhfoirm dhlíthiúil amháin;

(2) stuamacht: déanfar luacháil sócmhainní agus dliteanas agus aithint ioncaim go stuama. I gcomhthéacs na Treoirlíne seo, tugann sé sin le tuiscint nach n-aithneofar gnóthachain neamhréadaithe mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais ach go ndéanfar iad a thaifeadadh go díreach i gcuntas athluachála agus go dtabharfar caillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais má sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe seo a cláraíodh sa chuntas athluachála comhfhreagrach. Beidh cúlchistí folaigh nó míráiteas d'aon ghnó i leith míreanna ar an gclár comhardaithe agus sa chuntas brabúis agus caillteanais ar neamhréir le toimhde na stuamachta;

(3) ábharthacht: ní cheadófar dialltaí ó na rialacha cuntasaíochta, lena n-áirítear iad siúd lena ndéantar difear do ríomh cuntas brabúis agus caillteanais BCNanna aonair agus BCE, mura féidir a mheas go réasúnach go bhfuil siad neamhábhartha i gcomhthéacs foriomlán agus i gcur i láthair chuntais airgeadais an eintitis tuairiscithe;

(4) comhsheasmhacht agus inchomparáideacht: cuirfear na critéir maidir le luacháil an chláir chomhardaithe agus aithint ioncaim i bhfeidhm go comhsheasmhach i dtéarmaí comóntachta agus leanúnachais an chuir chuige laistigh den Eurochórais chun inchomparáideacht sonraí sna ráitis airgeadais a chinntiú.

Airteagal 4

Toimhdí cuntasaíochta bunúsacha

Beidh feidhm ag na toimhdí cuntasaíochta bunúsacha a leanas:

(1) ar bhonn gnóthais leantaigh: ullmhófar cuntais ar bhonn gnóthais leantaigh;

(2) prionsabal na bhfabhruithe: aithneofar ioncam agus speansais sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar iad a thuilleamh nó a thabhú agus ní sa tréimhse ina bhfaightear nó ina n-íoctar iad;

(3) tarlúintí tar éis an cláir chomhardaithe: déanfar sócmhainní agus dliteanais a choigeartú de bharr tarlúintí a thiteann amach idir dáta an chláir comhardaithe bhliantúil agus an dáta a bhformheasann na comhlachtaí ábhartha na ráitis airgeadais má dhéantar difear leis na tarlúintí sin don riocht ina bhfuil sócmhainní nó dliteanais ar dháta an chláir comhardaithe. Ní dhéanfar aon choigeartú ar shócmhainní agus ar dhliteanais, ach nochtfar na tarlúintí sin a thiteann amach tar éis dháta an chláir comhardaithe mura ndéantar difear leo don riocht ina bhfuil sócmhainní nó dliteanais ar dháta an chláir comhardaithe, ach a bhfuil tábhacht chomh mór leo go gcuirfeadh neamhnochtadh isteach ar chumas úsáideoirí na ráiteas airgeadais meastóireachtaí agus cinntí cearta a dhéanamh.

Airteagal 5

Cuir chuige eacnamaíocha agus airgid/socraíochta

1. Úsáidfear an cur chuige eacnamaíoch mar bhunús chun idirbhearta malairte eachtraí, ionstraimí airgeadais arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach agus fabhruithe gaolmhara a thaifeadadh. Forbraíodh dhá theicníc éagsúla chun an cur chuige sin a chur chun feidhme:

(a) an 'cur chuige rialta' mar atá leagtha amach i gCaibidlí III agus IV agus in Iarscríbhinn III; agus

(b) an 'cur chuige malartach' mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn III.

2. Féadfar idirbhearta urrús lena n-áirítear ionstraimí cothromais arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach a thaifeadadh de réir an chur chuige airgid/socraíochta. Déanfar an t-ús fabhraithe gaolmhar lena n-áirítear préimheanna nó lascainí a thaifeadadh ar bhonn laethúil ó dháta na spotsocraíochta.

3. Féadfaidh BCNanna an cur chuige eacnamaíoch nó airgid/socraíochta a úsáid chun aon idirbhearta sonracha euro-ainmnithe, ionstraimí airgeadais agus fabhruithe gaolmhara a thaifeadadh.

4. Cé is moite de choigeartuithe cuntasaíochta deireadh ráithe agus deireadh bliana agus de mhíreanna a nochtar faoi 'Sócmhainní eile' agus 'Dliteanais eile', ní thaispeánfar sna méideanna a chuirtear i láthair mar chuid den tuairisciú airgeadais laethúil chun críocha thuairisciú airgeadais an Eurochórais ach gluaiseachtaí airgid i míreanna den chlár comhardaithe. Ag deireadh na ráithe agus ag deireadh na bliana, an t-amúchadh agus aon mhéid innéacsaithe atá iníoctha ag an dáta aibíochta mar chuid de phríomhshuim na mbannaí innéacsnasctha, áireofar iad freisin i luach na n-urrús de réir na leabhar.

Airteagal 6

Sócmhainní agus dliteanais a aithint

Ní aithneofar sócmhainn airgeadais nó sócmhainn eile nó dliteanas airgeadais nó dliteanas eile i gclár comhardaithe an eintitis tuairiscithe ach má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(1) is dócha go rithfidh aon sochar eacnamaíoch amach anseo a bhaineann leis an tsócmhainn nó leis an dliteanas chuig an eintiteas tuairiscithe nó uaidh;

(2) aistríodh cuid mhór de na rioscaí agus na luaíochtaí go léir a bhaineann leis an tsócmhainn nó leis an dliteanas chuig an eintiteas tuairiscithe;

(3) is féidir costas nó luach na sócmhainne don eintiteas tuairiscithe nó méid na hoibleagáide a thomhas go hiontaofa.

CAIBIDIL II

RIALACHA COMHDHÉANAIMH AGUS LUACHÁLA DON CHLÁR COMHARDAITHE

Airteagal 7

Comhdhéanamh an chláir chomhardaithe

Beidh comhdhéanamh chlár comhardaithe BCE agus BCNanna chun críocha thuairisciú airgeadais an Eurochórais bunaithe ar an struchtúr atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV.

Airteagal 8

Soláthairtí le haghaidh rioscaí airgeadais

Agus nádúr ghníomhaíochtaí na BCNanna á gcur san áireamh go cuí, féadfaidh BCN soláthar le haghaidh rioscaí airgeadais a leagan amach ina chlár comhardaithe. Déanfaidh BCN cinneadh ar mhéid agus ar úsáid na forála ar bhonn meastachán réasúnaithe ar neamhchosaint an BCN ar riosca.

Airteagal 9

Rialacha luachála an chláir comhardaithe

1. Úsáidfear rátaí agus praghsanna reatha an mhargaidh chun críocha luacháil an chláir comhardaithe mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn IV.

2. Athluacháil óir, ionstraimí airgeadra eachtraigh, urrúis (seachas urrúis atá aicmithe mar coinnithe go dtí aibíocht, urrúis neamh-indíolta, agus urrúis a choinnítear chun críocha beartais airgeadaíochta a ndéantar cuntas orthu ag costais amúchta), chomh maith le hionstraimí airgeadais, ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe araon, amhail ar an dáta athluachála ráithiúil ag rátaí agus praghsanna lár an mhargaidh. Ní choiscfidh sé seo ar eintitis tuairiscithe a bpunanna a athluacháil ar bhonn níos minice chun críocha inmheánacha, ar choinníoll nach dtuairisceoidh siad míreanna ina gcláir chomhardaithe ach ag luach an idirbhirt le linn na ráithe.

3. Ní dhéanfar aon idirdhealú idir difríochtaí athluachála praghais agus airgeadra d'ór, ach tabharfar cuntas ar dhifríocht athluachála óir amháin, bunaithe ar phraghas an euro in aghaidh an aonaid shainithe de mheáchan óir a dhíorthaítear ó ráta malairte an euro/dollar SA ar dháta na hathluachála ráithiúla. Maidir le malairt eachtrach, lena n-áirítear idirbhearta ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe, déanfar athluacháil ar bhonn airgeadra ar airgeadra. Chun críche an Airteagail seo, déileálfar le sealúchais cearta tarraingthe speisialta (CTSanna), lena n-áirítear sealúchais ainmnithe aonair malairte eachtraí atá mar bhunús leis an gciseán CTS, mar shealúchas amháin. Maidir le hurrúis, déanfar athluacháil ar bhonn cód ar chód, i.e. an Uimhir/Cineál Aitheantais Urrús Idirnáisiúnta céanna, agus ní dhéanfar aon chéadroghanna leabaithe a scaradh chun críocha luachála. Déileálfar le hurrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta nó a áirítear sna míreanna 'Sócmhainní airgeadais eile' nó 'Sócmhainní eile' mar shealúchais ar leithligh.

4. Déanfar áirithintí athluachála a aisiompú ag deireadh na chéad ráithe eile, ach amháin caillteanais neamhréadaithe a thabharfar chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana; déanfar aon idirbhearta le linn na ráithe a thuairisciú ag praghsanna agus rátaí idirbheart.

5. Déileálfar le hurrúis indíolta a choinnítear chun críocha beartais airgeadaíochta mar shealúchais ar leithligh agus déanfar iad a luacháil ag praghas margaidh nó ag costas amúchta (faoi réir lagaithe), ag brath ar bhreithnithe beartais airgeadaíochta.

6. Déileálfar le hurrúis a aicmítear mar coinnithe go dtí aibíocht mar shealúchais ar leithligh agus déanfar iad a luacháil ag costas amúchta (faoi réir lagaithe). Beidh feidhm ag an láimhseáil chéanna maidir le hurrúis neamh-indíolta. Féadfar urrúis a aicmítear mar coinnithe go dtí aibíocht a dhíol roimh a n-aibíocht nuair a tharlaíonn aon cheann díobh a leanas:

(a) má mheastar nach bhfuil an chainníocht a díoladh suntasach i gcomparáid le méid iomlán na punainne urrús coinnithe go dtí aibíocht;

(b) má dhíoltar na hurrúis i rith aon mhí amháin roimh an dáta aibíochta;

(c) in imthosca eisceachtúla, amhail meath suntasach ar acmhainneacht creidmheasa an eisitheora.

Airteagal 10

Idirbhearta droim ar ais

1. Déanfar idirbheart droim ar ais a sheolfar faoi chomhaontú athcheannaigh a thaifeadadh mar thaisce isteach comhthaobhaithe ar thaobh na ndliteanas den chlár comhardaithe, agus fanfaidh an mhír a soláthraíodh mar chomhthaobhacht ar thaobh na sócmhainní den chlár comhardaithe. Déileálfaidh an t-eintiteas tuairiscithe le hurrúis a dhíolfar atá le hathcheannach faoi chomhaontuithe athcheannaigh, a éilítear chun iad a athcheannach, amhail is dá mbeadh na sócmhainní i dtrácht fós mar chuid den phunann ónar díoladh iad.

2. Déanfar idirbheart droim ar ais a sheoltar faoi chomhaontú droim ar ais athcheannaigh a thaifeadadh mar iasacht amach comhthaobhaithe ar thaobh na sócmhainní den chlár comhardaithe do mhéid na hiasachta. Ní dhéanfar urrúis a gheofar faoi chomhaontuithe droim ar ais athcheannaigh a athluacháil agus ní thabharfaidh an t-eintiteas tuairiscithe a thugann na cistí ar iasacht aon bhrabús nó caillteanas a eascróidh astu chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

3. I gcás idirbhearta maidir le hiasacht urrús, fanfaidh na hurrúis ar chlár comhardaithe an aistreora. Idirbhearta maidir le hiasachtú urrús i gcás ina soláthraítear comhthaobhacht i bhfoirm airgid, taifeadfar iad an mbealach céanna atá forordaithe le haghaidh idirbhearta athcheannaigh. Idirbhearta maidir le hiasacht urrús i gcás ina soláthraítear comhthaobhacht i bhfoirm urrús, ní thaifeadfar ar an gclár comhardaithe iad ach amháin sna cásanna a leanas:

(a) malartaítear airgead mar chuid den phróiseas socraíochta; agus

(b) fanann airgead ar chuntas an iasachtóra nó an iasachtaí.

Taispeánfaidh an t-aistrí dliteanas as na hurrúis a atarchur má díoladh na hurrúis idir an dá linn.

4. Déileálfar le hidirbhearta óir comhthaobhaithe mar chomhaontuithe athcheannaigh. Ní dhéanfar na sreafaí óir a bhaineann leis na hidirbhearta comhthaobhaithe sin a thaifeadadh sna ráitis airgeadais agus déileálfar leis an difríocht idir spotphraghsanna agus réamhphraghsanna an idirbhirt ar bhonn fabhruithe.

5. Déanfar idirbhearta droim ar ais a sheoltar faoi chlár uathoibrithe maidir le hiasacht urrús (lena n-áirítear idirbhearta maidir le hiasacht urrús) a thaifeadadh ar an gclár comhardaithe, ar a laghad, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe má sholáthraítear comhthaobhacht i bhfoirm airgid a chuirtear ar chuntas an BCN ábhartha nó BCE agus an t-airgead sin fós gan infheistiú.

Airteagal 11

Scaireanna cothromais indíolta

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le scaireanna cothromais indíolta, cibé acu is eintiteas tuairiscithe nó a ghníomhaire a dhéanann na hidirbhearta go díreach, seachas gníomhaíochtaí a dhéantar le haghaidh leasanna rannpháirteachais, infheistíochtaí i bhfochuideachtaí nó leasanna suntasacha.

2. Ní bheidh scaireanna cothromais indíolta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha agus arna nochtadh faoi 'Shócmhainní eile' mar chuid den suíomh foriomlán airgeadra ach beidh siad mar chuid de shealúchas airgeadra ar leithligh. Féadfar na gnóthachain agus caillteanais bhainteacha malairte eachtraí a ríomh ar mhodh meán-ghlanchostais nó ar mhodh meánchostais.

3. Déanfar athluacháil scaireanna cothromais indíolta de réir Airteagal 9(3). Ní dhéanfar aon ghlanluacháil idir scaireanna cothromais éagsúla.

4. Déanfar idirbhearta a thaifeadadh sa chlár comhardaithe de réir phraghas an idirbhirt.

5. Féadfar coimisiún bróicéireachta a thaifeadadh mar chostas idirbhirt atá le háireamh i gcostas na sócmhainne, nó mar speansas sa chuntas brabúis agus caillteanais.

6. Áireofar méid na díbhinne a ceannaíodh i gcostas na scaireanna cothromais indíolta. Ar dháta ex-díbhinne, féadfar déileáil le méid na díbhinne a ceannaíodh mar mhír ar leithligh go dtí go bhfaighfear íocaíocht na díbhinne.

7. Ní dhéanfar fabhruithe ar dhíbhinní a thaifeadadh ag deireadh na tréimhse mar go léirítear iad cheana i bpraghas margaidh na scaireanna cothromais cé is moite de na cothromais a luaitear ex díbhinn.

8. Déileálfar le heisiúintí de cheart mar shócmhainn ar leithligh nuair a eisítear iad. Ríomhfar an costas fála bunaithe ar mheánchostas reatha an chothromais, ar phraghas ceangail na fála nua, agus ar an gcion idir cothromais atá ann cheana agus cothromais nua. De rogha air sin, féadfar praghas an chirt a bhunú ar luach an chirt sa mhargadh, ar mheánchostas reatha an chothromais agus ar phraghas margaidh an chothromais roimh eisiúint de cheart.

Airteagal 12

Cistí infheistíochta indíolta

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le cistí infheistíochta indíolta a chomhlíonann na critéir a leanas:

(a) faightear iad chun críocha infheistíochta amháin agus gan aon tionchar acu ar chinntí ceannaigh agus díola ó lá go lá;

(b) socraíodh an straitéis infheistíochta agus sainordú an chiste roimh ré agus déantar foráil go conartha do na téarmaí agus na coinníollacha go léir;

(c) déanfar feidhmíocht na hinfheistíochta a mheas mar infheistíocht aonair de réir straitéis infheistíochta an chiste;

(d) is eintiteas ar leithligh é an ciste, beag beann ar a fhoirm dhlíthiúil, agus déantar é a bhainistiú go neamhspleách, lena n-áirítear na cinntí infheistíochta ó lá go lá.

Faoi réir na gcritéar i bpointí (a) go (d), féadfaidh feidhm a bheith ag an Airteagal seo maidir le cistí sochar fadtéarmacha d'fhostaithe mura bhfuil creat cuntasaíochta difriúil infheidhme.

Faoi réir na gcritéar i bpointí (a) go (c) agus i gcomhréir leis an tsaintréith cháilíochtúil atá leagtha amach in Airteagal 3(1), féadfaidh feidhm a bheith ag an Airteagal seo freisin maidir le punanna cothromais nach eintiteas dlíthiúil ar leithligh iad ach a bhainistítear go seachtrach agus a dhéanann macasamhlú docht ar fheidhmíocht chiste innéacsnasctha. Chun críocha an Airteagail seo, meastar go bhfuil punanna cothromais den sórt sin mar chistí infheistíochta indíolta.

2. Ní bheidh cistí infheistíochta indíolta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha agus a nochtar faoi 'Sócmhainní eile' mar chuid den suíomh airgeadra foriomlán ach beidh siad mar chuid de shealúchas airgeadra ar leithligh. Féadfar na gnóthachain agus caillteanais bhainteacha malairte eachtraí a ríomh de réir mhodh glan-mheánchostais nó de réir modh meánchostais.

3. Déanfar athluacháil na gcistí infheistíochta indíolta ar ghlanbhonn, agus ní ar bhonn sócmhainní foluiteacha. Ní dhéanfar aon ghlanluacháil idir cistí infheistíochta indíolta éagsúla.

4. Déanfar idirbhearta a thaifeadadh sa chlár comhardaithe de réir phraghas an idirbhirt.

5. Féadfar coimisiún bróicéireachta a thaifeadadh mar chostas idirbhirt atá le háireamh i gcostas na sócmhainne, nó mar speansas sa chuntas brabúis agus caillteanais.

6. Áireofar méid na díbhinne a ceannaíodh i gcostas an chiste infheistíochta indíolta. Ar dháta ex-díbhinne, féadfar déileáil le méid na díbhinne a ceannaíodh mar mhír ar leithligh go dtí go bhfaighfear íocaíocht na díbhinne.

7. Ní chuirfear fabhruithe ar dhíbhinní an chiste infheistíochta indíolta a iontráil ag deireadh na tréimhse toisc go léirítear iad cheana i bpraghas margaidh an chiste infheistíochta indíolta cé is moite de na cothromais a luaitear ar bhonn ex-díbhinn.

Airteagal 13

Riosca ráta úis a fhálú ar urrúis le díorthaigh

1. Fálú riosca ráta úis ar urrús le díorthach, ciallaíonn sé díorthach a ainmniú ionas go bhfritháirítear leis an athrú ar a luach cóir an t-athrú a bhfuil dréim leis ar luach cóir an urrúis fhálaithe a eascraíonn as gluaiseachtaí rátaí úis.

2. Aithneofar agus déileálfar le hionstraimí fálaithe agus fálúcháin de réir na bhforálacha ginearálta, na rialacha luachála, an mheabhrúcháin ioncaim agus na gceanglas a bhaineann go sonrach le hionstraimí atá leagtha amach sa Treoirlíne seo.

3. De mhaolú ar Airteagal 3(2), Airteagal 9(4), Airteagal 16(1) agus (2), 17(1), pointe (b), agus (2), pointe (d), agus 18(2), féadfar an láimhseáil mhalartach a leanas a chur i bhfeidhm maidir le luacháil urrúis fhálaithe agus díorthaigh fálúcháin:

(a) Déanfar an t-urrús agus an díorthach a athluacháil agus a thaispeáint ag a luachanna margaidh ar an gclár comhardaithe amhail ag deireadh gach ráithe. Cuirfear an cur chuige luachála neamhshiméadraí a leanas i bhfeidhm maidir le glanmhéid gnóthachain nó caillteanais neamhréadaithe ar na hionstraimí fálaithe agus ar na hionstraimí fálúcháin:

   (i) tabharfar glanchaillteanas neamhréadaithe chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana agus moltar é a amúchadh thar an saolré atá fágtha ag an ionstraim fálaithe; agus

   (ii) déanfar glanghnóthachan neamhréadaithe a thaifeadadh ar chuntas athluachála agus aisiompófar é ar an dáta athluachála a leanas.

(b) Fál urrúis atá faoi úinéireacht cheana féin: má tá meánchostas urrúis fhálaithe difriúil ó phraghas margaidh an urrúis nuair a bunaíodh an fál, cuirfear an láimhseáil a leanas i bhfeidhm:

   (i) déanfar gnóthachain neamhréadaithe an urrúis ar an dáta sin a thaifeadadh ar chuntas athluachála agus tabharfar caillteanais neamhréadaithe chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais; agus

   (ii) beidh feidhm ag forálacha phointe (a) maidir leis na hathruithe ar luachanna an mhargaidh tar éis dháta bunaithe na gaolmhaireachta fálúcháin.

(c) Moltar iarmhéid na bpréimheanna agus na lascainí gan amúchadh, amhail ar an dáta a bunaíodh an fál, a amúchadh thar an saolré atá fágtha ag an ionstraim fálaithe.

4. Nuair a chuirtear deireadh le cuntasaíocht fálaithe, déanfar an t-urrús agus an díorthach a d'fhan i leabhair an eintitis tuairiscithe a luacháil mar ionstraimí neamhspleácha amhail ón dáta scoir de réir na rialacha ginearálta atá leagtha amach sa Treoirlíne seo.

5. Ní féidir an láimhseáil mhalartach a shonraítear i mír 3 a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

(a) Tráth tionscanta an fhálúcháin bíonn doiciméadú foirmiúil ann ar an ngaolmhaireacht fálúcháin agus ar an gcuspóir agus an straitéis bainistíochta riosca chun an fálú a dhéanamh. Áireofar sa doiciméadacht sin gach ceann díobh seo a leanas: (i) sainaithint an díorthaigh a úsáidtear mar ionstraim fálúcháin; (ii) sainaithint an urrúis fhálaithe ghaolmhair; agus (iii) measúnú ar éifeachtacht an díorthaigh maidir le fritháireamh na neamhchosanta ar athruithe ar luach cóir an urrúis atá inchurtha i leith riosca an ráta úis.

(b) Meastar go mbeidh an fál an-éifeachtach agus is féidir éifeachtacht an fhálaithe a thomhas go hiontaofa. Ní mór éifeachtúlacht ionchasach agus shiarghabhálach a mheas. Moltar an méid a leanas:

(i) ba cheart an éifeachtúlacht ionchasach a thomhas trí chomparáid a dhéanamh idir na hathruithe a rinneadh roimhe sin ar luach cóir na míre fálaithe agus athruithe roimhe sin ar luach cóir na hionstraime fálúcháin, nó trí chomhghaol ard staidrimh a thaispeáint idir luach cóir na míre fálaithe agus luach cóir na hionstraime fálúcháin; agus

(ii) ba cheart an éifeachtúlacht shiarghabhálach a thaispeáint má tá an cóimheas idir an gnóthachan/caillteanas iarbhír ar an mír fhálaithe agus an caillteanas/gnóthachan iarbhír ar an ionstraim fálúcháin laistigh den raon 80 % - 125 %.

6. Beidh feidhm ag an méid a leanas maidir le fálú grúpa urrús: ní féidir urrúis ráta úis comhchosúla a chomhiomlánú agus a fhálú mar ghrúpa mura gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) tá fad comhchosúil ag na hurrúis;

(b) comhlíonann an grúpa urrús an tástáil éifeachtúlachta go proifisiúnta agus go siarghabhálach;

(c) táthar ag súil go mbeidh an t-athrú ar luach cóir atá inchurtha i leith an riosca fhálaithe do gach urrús sa ghrúpa comhréireach a bheag nó a mhór leis an athrú foriomlán ar an luach cóir atá inchurtha i leith riosca fálaithe an ghrúpa urrús.

Airteagal 14

Ionstraimí sintéiseacha

1. Ionstraimí a chuirtear le chéile chun ionstraim shintéiseach a fhoirmiú, aithneofar agus láimhseáil iad ar leithligh ó ionstraimí eile, de réir na bhforálacha ginearálta, na rialacha luachála, an aitheantais ioncaim agus na gceanglas a bhaineann go sonrach le hionstraim atá leagtha amach sa Treoirlíne seo.

2. De mhaolú ar Airteagail 3(2), 9(4), 16(1) agus 18(2), féadfar an láimhseáil mhalartach a leanas a chur i bhfeidhm ar luacháil ionstraimí sintéiseacha:

(a) déantar gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe na n-ionstraimí a chuirtear le chéile chun ionstraim shintéiseach a fhoirmiú a ghlanluacháil ag deireadh na bliana. Sa chás sin, déanfar glanghnóthachain neamhréadaithe a thaifeadadh i gcuntas athluachála. Tabharfar glanchaillteanais neamhréadaithe chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais má sháraíonn siad na glanghnóthachain athluachála roimhe sin a cláraíodh sa chuntas athluachála comhfhreagrach;

(b) ní bheidh urrúis arna sealbhú mar chuid d'ionstraim shintéiseach mar chuid de shealúchas foriomlán na n-urrús sin ach beidh siad mar chuid de shealúchas ar leithligh;

(c) déanfar caillteanais neamhréadaithe a thabharfar chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana agus na gnóthachain neamhréadaithe chomhfhreagracha a amúchadh ar leithligh sna blianta ina dhiaidh sin.

3. Má théann ceann de na hionstraimí comhcheangailte in éag, má dhíoltar í, má dhéantar í a fhoirceannadh nó a fheidhmiú, scoirfidh an t-eintiteas tuairiscithe go hionchasach den láimhseáil mhalartach a shonraítear i mír 2 agus déanfar aon ghnóthachain luachála gan amúchadh a breacadh do shochar an chuntais brabúis agus caillteanais i mblianta roimhe sin a aisiompú láithreach.

4. Ní féidir an láimhseáil mhalartach a shonraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm ach amháin sa chás go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

(a) bainistítear na hionstraimí aonair agus déantar a bhfeidhmíocht a mheas mar aon ionstraim chomhcheangailte amháin, bunaithe ar straitéis bainistíochta riosca nó infheistíochta;

(b) ar aitheantas tosaigh, déantar na hionstraimí aonair a struchtúrú agus a ainmniú mar ionstraim shintéiseach;

(c) má chuirtear an láimhseáil mhalartach i bhfeidhm, déantar neamhréireacht luachála (neamhréir luachála) a d'eascródh as rialacha ginearálta a leagtar amach sa Treoirlíne seo a chur i bhfeidhm ar leibhéal ionstraime aonair;

(d) ceadaíonn infhaighteacht doiciméadachta foirmiúla na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) a fhíorú.

Airteagal 15

Nótaí bainc

1. Chun Airteagal 49 de Reacht CEBC a chur chun feidhme, ní thabharfar cuntas ar nótaí bainc na mBallstát eile arb é an euro an t-airgeadra atá i seilbh BCN mar nótaí bainc atá i gcúrsaíocht, ach mar iarmhéideanna laistigh den Eurochóras. Is é a leanas an nós imeachta chun nótaí bainc ó Bhallstáit eile a láimhseáil arb é an Euro an t-airgeadra acu:

(a) an BCN a fhaigheann nótaí bainc arna n-ainmniú in aonaid airgeadra náisiúnta de chuid an limistéir euro arna n-eisiúint ag BCN eile, tabharfaidh sé fógra don BCN eisiúna ar bhonn laethúil maidir le luach na nótaí bainc a íoctar isteach lena malartú, ach amháin i gcás ina bhfuil méid laethúil ar leith íseal. Eiseoidh BCN eisiúna íocaíocht chomhfhreagrach don BCN glactha trí TARGET; agus

(b) déanfar figiúirí na 'nótaí bainc atá i gcúrsaíocht' a choigeartú i leabhair BCN eisiúna nuair a gheofar an fógra thuasluaite.

2. Beidh trí chomhpháirt maidir le méid na 'nótaí bainc atá i gcúrsaíocht' i gcláir chomhardaithe BCNanna:

(a) luach neamhchoigeartaithe nótaí bainc an euro atá i gcúrsaíocht, lena n-áirítear nótaí bainc bhliain an athraithe airgid atá ainmnithe in aonaid airgeadra náisiúnta de chuid an limistéir euro don BCN a ghlacann an euro, a ríomhfar de réir ceachtar den dá mhodh a leanas:

Modh A: $B = P - D - N - S$

Modh B: $B = I - R - N$

I gcás go bhfuil an méid seo a leanas fíor:

Is ionann B	agus luach neamhchoigeartaithe na 'nótaí bainc atá i gcúrsaíocht';
Is ionann P	agus luach na nótaí bainc a tháirgtear nó a fhaightear ón bprintéir nó ó BCNanna eile;
Is ionann D	agus luach na nótaí bainc a scriosadh;
Is ionann N	agus luach nótaí bainc náisiúnta de chuid an BCN eisiúna atá i seilbh BCNanna eile (ar tugadh fógra ina leith ach nach bhfuil aisdúichithe go fóill);
Is ionann I	agus luach na nótaí bainc arna gcur i gcúrsaíocht;
Is ionann R	agus luach na nótaí bainc a fuarthas;
Is ionann S	agus luach na nótaí bainc sa stoc/sa chiste;

(b) lúide méid an éilimh gan íocaíocht vis-à-vis banc ECI atá ag rith an chláir um Fhardal Cumhdaigh Sínte (ECI), i gcás ina n-aistreofar úinéireacht ar na nótaí bainc a bhaineann le clár ECI;

(c) móide nó lúide méid na gcoigeartuithe a eascraíonn as scála leithdháilte nótaí bainc a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL III

AITHINT IONCAIM

Airteagal 16

Aithint ioncaim

1. Beidh feidhm ag na rialacha a leanas maidir le haithint ioncaim:

(a) tabharfar gnóthachain réadaithe agus caillteanais réadaithe chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais;

(b) ní aithneofar gnóthachain neamhréadaithe mar ioncam, ach déanfar iad a thaifeadadh go díreach i gcuntas athluachála;

(c) ag deireadh na bliana, tabharfar caillteanais neamhréadaithe chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais má sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin a cláraíodh sa chuntas athluachála comhfhreagrach;

(d) ní aisiompófar caillteanais neamhréadaithe a thógtar chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachain neamhréadaithe nua;

(e) ní dhéanfar aon ghlanluacháil ar chaillteanais neamhréadaithe in aon urrús amháin, nó in aon airgeadra nó i sealúchais óir i gcoinne gnóthachain neamhréadaithe in urrúis nó airgeadraí nó ór eile;

(f) ag deireadh na bliana, tabharfar caillteanais bhearnúcháin chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus ní aisiompófar iad sna blianta ina dhiaidh sin ach amháin i gcás ina dtagann laghdú ar an mbearnú agus inar féidir an laghdú a cheangal le tarlúint inbhraite a tharla tar éis an bearnú a thaifeadadh den chéad uair.

2. Déanfar préimheanna nó lascainí a eascróidh as urrúis eisithe agus ceannaithe a ríomh agus a thíolacadh mar chuid den ioncam úis agus déanfar iad a amúchadh thar an saolré conarthach atá fágtha de na hurrúis, de réir mhodh an mhéid chothroim nó de réir mhodh an ráta toraidh inmheánaigh (IRR). Beidh an modh IRR éigeantach, áfach, maidir le hurrúis lascaine a mbeidh aibíocht iarmharach de níos mó ná bliain acu tráth na fála.

3. Déanfar fabhruithe ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais, e.g. ús iníoctha agus préimheanna/lascainí amúchta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach a ríomh agus a thaifeadadh sna cuntais ar bhonn laethúil, bunaithe ar na rátaí is déanaí atá ar fáil. Déanfar fabhruithe ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais arna n-ainmniú in euro a ríomh agus a thaifeadadh sna cuntais gach ráithe ar a laghad. Déanfar fabhruithe ar mhíreanna eile a ríomh agus a thaifeadadh sna cuntais uair sa bhliain ar a laghad.

4. Beag beann ar mhinicíocht fabhruithe a ríomh ach faoi réir na n-eisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(4), tuairisceoidh eintitis tuairiscithe sonraí ag luach idirbhirt le linn na ráithe.

5. Aistreofar fabhruithe atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag ráta malairte an dáta taifeadta agus beidh tionchar acu ar shuíomh an airgeadra.

6. De ghnáth, chun fabhruithe a ríomh i rith na bliana d'fhéadfadh cleachtas áitiúil a bheith i bhfeidhm, i.e. féadfar iad a ríomh go dtí an lá gnó deireanach nó an lá féilire deireanach den ráithe. Ag deireadh na bliana, áfach, is é an 31 Nollaig an dáta tagartha éigeantach.

7. D'fhéadfadh gnóthachain nó caillteanais réadaithe malairte eachtraí a bheith mar thoradh ar eis-sreafaí airgeadra a mbíonn athrú ar shealúchas airgeadra áirithe i gceist leo.

Airteagal 17

Costas na n-idirbheart

1. Beidh feidhm ag na rialacha ginearálta seo a leanas maidir le costas na n-idirbheart:

(a) úsáidfear modh an mheánchostais ar bhonn laethúil d'ór, d'ionstraimí airgeadra eachtraí agus d'urrúis, chun costas fála míreanna a dhíoltar a ríomh, ag féachaint d'éifeacht gluaiseachtaí rátaí malairte agus/nó praghsanna;

(b) laghdófar nó méadófar meánchostas na sócmhainne nó an dliteanais trí chaillteanais neamhréadaithe a thabharfar chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana;

(c) i gcás urrúis cúpóin a fháil, déileálfar le méid an ioncaim cúpóin a ceannaíodh mar mhír ar leithligh. Maidir le hurrús arna ainmniú in airgeadra eachtrach, beidh sé mar chuid de shealúchas an airgeadra sin, ach ní dhéanfaidh sé difear do mheánchostas an urrúis nó an airgeadra ábhartha.

2. Beidh feidhm ag na rialacha speisialta a leanas maidir le hurrúis:

(a) déanfar idirbhearta a thaifeadadh ar phraghas an idirbhirt agus a iontráil sna cuntais airgeadais ar an bpraghas glan;

(b) ní mheasfar gur costais idirbhirt iad táillí coimeádta agus bainistíochta, táillí cuntas reatha agus costais indíreacha eile agus áireofar iad sa chuntas brabúis agus caillteanais. Ní dhéileálfar leo mar chuid de mheánchostas sócmhainne áirithe;

(c) déanfar ioncam a thaifeadadh comhlán le cuntas siarchoinneálach inaisíoctha agus cánacha eile a ndéantar cuntas orthu ar leithligh;

(d) chun meánchostas ceannaigh urrúis a ríomh, déanfar ceachtar den dá ní a leanas: (i) cuirfear gach ceannachán a rinneadh i rith an lae, ar a bpraghas ceannaigh, le sealúchas an lae roimhe sin chun meánchostas ualaithe nua a tháirgeadh sula gcuirfear na díolacháin i bhfeidhm i leith an lae chéanna; nó (ii) féadfar ceannacháin aonair agus díolachán urrús a chur i bhfeidhm san ord inar tharla siad i rith an lae chun an meánchostas athbhreithnithe a ríomh.

3. Beidh feidhm ag na rialacha speisialta a leanas maidir le hór agus malairt eachtrach:

(a) idirbhearta in airgeadra eachtrach nach bhfuil aon athrú i sealúchas an airgeadra sin i gceist leo, aistreofar go euro iad, ag úsáid ráta malairte an chonartha nó an dáta socraíochta, agus ní dhéanfaidh siad difear do chostas fála an tsealúchais sin;

(b) aistreofar idirbhearta in airgeadra eachtrach lena mbaineann athrú ar shealúchas an airgeadra sin go euro ag ráta malairte dháta an chonartha;

(c) maidir le socraíocht na bpríomhshuimeanna a eascróidh as idirbhearta droim ar ais in urrúis arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach nó in ór, measfar nach bhfuil athrú ar shealúchas an airgeadra sin nó an óir i gceist leo;

(d) aistreofar fáltais agus íocaíochtaí airgid iarbhír ag an ráta malairte an lá a dtarlaíonn socraíocht;

(e) i gcás ina bhfuil suíomh fada ann, cuirfear glan-insreafaí airgeadraí agus óir a rinneadh i rith an lae, ag meánráta nó praghas óir insreafaí an lae do gach airgeadra agus ór faoi seach, le sealúchas an lae roimhe sin, chun meánchostas ualaithe nua a tháirgeadh. I gcás glan-eis-sreafaí, beidh ríomh an ghnóthachain nó an chaillteanais réadaithe bunaithe ar mheánchostas an airgeadra nó an tsealúchais óir faoi seach don lá roimhe sin ionas nach mbeidh aon athrú ar an meánchostas. Beidh gnóthachain nó caillteanais réadaithe mar thoradh ar dhifríochtaí sa mheánráta/praghas óir idir insreafaí agus eis-sreafaí a dhéantar i rith an lae. I gcás ina bhfuil staid dliteanais ann maidir le hairgeadra eachtrach nó suíomh óir, beidh feidhm ag an láimhseáil droim ar ais maidir leis an gcur chuige thuasluaite. Dá bhrí sin, beidh tionchar ag glan-eis-sreafaí ar mheánchostas an tsuímh dliteanais, agus laghdóidh glan-insreafaí an suíomh de réir an mheánchostais ualaithe atá ann agus beidh gnóthachain nó caillteanais réadaithe mar thoradh orthu;

(f) cuirfear na costais a ghabhann le hidirbhearta malairte eachtraí agus le costais ghinearálta eile a iontráil sa chuntas brabúis agus caillteanais.

CAIBIDIL IV

RIALACHA CUNTASAÍOCHTA LE hAGHAIDH IONSTRAIMÍ LASMUIGH DEN CHLÁR COMHARDAITHE

Airteagal 18

Rialacha Ginearálta

1. Áireofar réamh-idirbhearta malairte eachtraí, réamh-mhalairtí babhtálacha malairte eachtraí agus ionstraimí airgeadra eile lena mbaineann malartú airgeadra amháin ar airgeadra eile amach anseo sna glansuíomhanna airgeadra eachtraigh chun meánchostais agus gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí a ríomh.

2. Déanfar babhtálacha, todhchaíochtaí, comhaontuithe réamhráta, ionstraimí agus céadroghanna rátaí úis eile, seachas céadroghanna atá leabaithe in urrúis, a chuntas agus a athluacháil ar bhonn mír ar mhír. Déileálfar leis na hionstraimí sin ar leithligh ó mhíreanna ar an gclár comhardaithe.

3. Aithneofar agus déileálfar le brabúis agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe ar bhealach cosúil le hionstraimí ar an gclár comhardaithe.

Airteagal 19

Réamh-idirbhearta malairte eachtraí

1. Aithneofar réamhcheannacháin agus réamhdhíolacháin i gcuntais lasmuigh den chlár comhardaithe ón dáta trádála go dtí an dáta socraíochta ag spotráta an réamh-idirbhirt. Ríomhfar gnóthachain agus caillteanais réadaithe ar idirbhearta díolachán ag úsáid mheánchostas shuíomh an airgeadra ar an dáta trádála de réir an nós imeachta glanluachála laethúil do cheannacháin agus do dhíolacháin.

2. Déileálfar leis an difríocht idir an spotráta agus na réamhrátaí mar ús iníoctha nó infhaighte ar bhonn fabhruithe.

3. Ar dháta na socraíochta aisiompófar na cuntais lasmuigh den chlár comhardaithe.

4. Beidh tionchar ag réamh-idirbhearta ar shuíomh an airgeadra ón dáta trádála ag an spotráta.

5. Déanfar na réamhshuíomhanna a luacháil i dteannta le spotsuíomh an airgeadra chéanna, ag fritháireamh aon difríochtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn laistigh de shuíomh airgeadra aonair. Breacfar iarmhéid glanchaillteanais do dhochar an chuntais brabúis agus caillteanais nuair a sháraíonn sé gnóthachain athluachála roimhe sin a cláraíodh sa chuntas athluachála. Breacfar iarmhéid glanbhrabúis do shochar an chuntais athluachála.

Airteagal 20

Babhtálacha malairte eachtraí

1. Aithneofar réamhcheannacháin, spotcheannacháin, réamhdhíolacháin agus spotdíolacháin ar an gclár comhardaithe ar an dáta socraíochta faoi seach.

2. Aithneofar réamhcheannacháin, spotcheannacháin, réamhdhíolacháin agus spotdíolacháin i gcuntais lasmuigh den chlár comhardaithe ón dáta trádála go dtí an dáta socraíochta ag spotráta na n-idirbheart.

3. Aithneofar idirbhearta díola ag spotráta an idirbhirt. Mar sin, ní eascróidh aon ghnóthachan ná aon caillteanas.

4. Déileálfar leis an difríocht idir na spotrátaí agus na réamhrátaí mar ús iníoctha nó infhaighte ar bhonn fabhruithe do cheannacháin agus do dhíolacháin araon.

5. Ar dháta na socraíochta aisiompófar na cuntais lasmuigh den chlár comhardaithe.

6. Ní athróidh an suíomh airgeadra eachtraigh ach mar thoradh ar fhabhruithe arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach.

7. Déanfar an réamhshuíomh a luacháil i dteannta leis an spotsuíomh gaolmhar.

Airteagal 21

Conarthaí todhchaíochtaí

1. Déanfar conarthaí todhchaíochtaí a thaifeadadh ar an dáta trádála i gcuntais lasmuigh den chlár comhardaithe.

2. Déanfar an éarlais tosaigh a thaifeadadh mar shócmhainn ar leithligh má thaisctear é in airgead. Má thaisctear é i bhfoirm urrús fanfaidh sé gan athrú ar an gclár comhardaithe.

3. Tabharfar athruithe laethúla ar na corrlaigh athrúcháin chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus beidh tionchar acu ar shuíomh an airgeadra. Cuirfear an nós imeachta céanna i bhfeidhm ar lá deiridh an tsuímh oscailte, is cuma má dhéantar an seachadadh nó mura ndéantar. Má dhéantar an seachadadh, déanfar an iontráil cheannaigh nó díola ar phraghas margaidh.

4. Tabharfar táillí chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Airteagal 22

Babhtálacha rátaí úis

1. Déanfar babhtálacha rátaí úis a thaifeadadh ar an dáta trádála i gcuntais lasmuigh den chlár comhardaithe.

2. Déanfar na híocaíochtaí úis reatha, bídís faighte nó íoctha, a thaifeadadh ar bhonn fabhruithe. Féadfar íocaíochtaí a shocrú ar ghlanbhonn in aghaidh gach babhtála rátaí úis, ach déanfar ioncam agus speansas fabhraithe úis a thuairisciú ar bhonn comhlán.

3. Tabharfar táillí chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

4. Déanfar babhtálacha rátaí úis nach n-imréitítear trí chontrapháirtí imréitigh lárnach a athluacháil ina n-aonar agus, más gá, aistreofar go euro iad ag an spotráta airgeadra. Moltar gur cheart caillteanais neamhréadaithe a thugtar chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana a amúchadh sna blianta ina dhiaidh sin, agus gur cheart, i gcás réamhbhabhtálacha rátaí úis, tús a chur leis an amúchadh ó dháta luacha an idirbhirt agus gur cheart an t-amúchadh a bheith líneach. Breacfar gnóthachain athluachála neamhréadaithe do shochar cuntais athluachála.

5. Maidir le babhtálacha rátaí úis a imréitítear trí chontrapháirtí imréitigh lárnach:

(a) déanfar an éarlais tosaigh a thaifeadadh mar shócmhainn ar leithligh má thaisctear é in airgead. Má thaisctear é i bhfoirm urrús, fanfaidh sé gan athrú ar an gclár comhardaithe;

(b) déanfar athruithe laethúla ar na corrlaigh athrúcháin a thaifeadadh sa chuntas brabúis agus caillteanais agus beidh tionchar acu ar shuíomh an airgeadra;

(c) scarfar gné an fhabhraithe úis ón toradh réadaithe agus taifeadfar í ar bhonn comhlán sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Airteagal 23

Comhaontuithe ar réamhráta

1. Déanfar comhaontuithe ar réamhráta a thaifeadadh ar an dáta trádála i gcuntais lasmuigh den chlár comhardaithe.

2. Déanfar an íocaíocht chúitimh atá le híoc ag páirtí amháin le páirtí eile ar dháta na socraíochta a thaifeadadh ar dháta na socraíochta sa chuntas brabúis agus caillteanais. Ní dhéanfar íocaíochtaí a thaifeadadh ar bhonn fabhruithe.

3. Má choinnítear comhaontuithe ar réamhráta in airgeadra eachtrach, beidh tionchar ag íocaíochtaí cúitimh ar shuíomh an airgeadra. Aistreofar íocaíochtaí cúitimh go euro ag an spotráta ar dháta na socraíochta.

4. Déanfar gach comhaontú ar réamhráta a athluacháil ina n-aonar agus, más gá, aistreofar go euro iad ag an spotráta airgeadra. Aon chaillteanais neamhréadaithe a thugtar chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana sna blianta ina dhiaidh sin, ní aisiompófar iad i gcoinne brabúis neamhréadaithe mura ndéanfar an ionstraim a dhúnadh amach nó a fhoirceannadh. Breacfar gnóthachain athluachála neamhréadaithe do shochar cuntais athluachála.

5. Tabharfar táillí chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Airteagal 24

Réamh-idirbhearta in urrúis

Tabharfar cuntas ar réamh-idirbhearta in urrúis de réir ceachtar den dá mhodh a leanas:

1. *Modh A:*

(a) déanfar réamh-idirbhearta in urrúis a thaifeadadh i gcuntais lasmuigh den chlár comhardaithe ón dáta trádála go dtí an dáta socraíochta, ar réamhphraghas an réamh-idirbhirt;

(b) ní dhéanfar difear do mheánchostas shealúchas an urrúis a thrádáiltear go dtí go socrófar é; ríomhfar éifeachtaí brabúis agus caillteanais idirbhearta réamhdhíola ar dháta na socraíochta;

(c) ar dháta na socraíochta aisiompófar na cuntais lasmuigh den chlár comhardaithe agus breacfar an t-iarmhéid atá ar an gcuntas athluachála, más ann dó, do shochar an chuntais brabúis agus caillteanais. Tabharfar cuntas ar an urrús a ceannaíodh trí úsáid a bhaint as an spotphraghas a bhí ann an dáta aibíochta (praghas iarbhír an mhargaidh), agus aithnítear an difríocht i gcomparáid leis an réamhphraghas bunaidh mar bhrabús nó caillteanas réadaithe;

(d) maidir le hurrúis arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, ní dhéanfar difear do mheánchostas ghlansuíomh an airgeadra má tá suíomh ag an eintiteas tuairisciúcháin san airgeadra sin cheana féin. Má dhéantar an banna a réamhcheannaíodh a ainmniú in airgeadra nach bhfuil suíomh ag an eintiteas tuairisciúcháin ann, ionas gur gá an t-airgeadra ábhartha a cheannach, beidh feidhm ag na rialacha maidir le ceannach airgeadraí eachtracha atá leagtha amach in Airteagal 17(3), pointe (e);

(e) déanfar réamhshuíomhanna a luacháil ar bhonn aonair i gcoinne an réamh-mhargadhphraghais don tréimhse atá fanta den idirbheart. Breacfar caillteanas athluachála ag deireadh na bliana do shochar an chuntais brabúis agus caillteanais, agus breacfar brabús athluachála do shochar an chuntais athluachála. Aon chaillteanais neamhréadaithe a aithnítear sa chuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana, ní aisiompófar iad sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne brabúis neamhréadaithe mura ndéanfar an ionstraim a dhúnadh amach nó a fhoirceannadh.

2. *Modh B:*

(a) déanfar réamh-idirbhearta in urrúis a thaifeadadh i gcuntais lasmuigh den chlár comhardaithe ón dáta trádála go dtí an dáta socraíochta, ar réamhphraghas an réamh-idirbhirt. Ar dháta na socraíochta aisiompófar na cuntais lasmuigh den chlár comhardaithe;

(b) ag deireadh na ráithe, déanfar urrús a athluacháil ar bhonn an ghlansuímh a eascróidh as an gclár comhardaithe agus ó dhíolacháin an urrúis chéanna a taifeadadh sna cuntais lasmuigh den chlár comhardaithe. Beidh méid an athluachála cothrom leis an difríocht idir an glansuíomh sin arna luacháil ag an bpraghas athluachála agus an suíomh céanna arna luacháil ag meánchostas shuíomh an chláir comhardaithe. Ag deireadh na ráithe, beidh réamhcheannacháin faoi réir an phróisis athluachála a thuairiscítear in Airteagal 9. Beidh toradh a hathluachála cothrom leis an difríocht idir an spotphraghas agus meánchostas na ngealltanas ceannaigh;

(c) déanfar toradh réamhdhíolacháin a thaifeadadh sa bhliain airgeadais ar tugadh an gealltanas. Beidh an toradh sin cothrom leis an difríocht idir an réamhphraghas tosaigh agus meánchostas shuíomh an chláir comhardaithe, nó meánchostas na ngealltanas ceannaigh lasmuigh den chlár comhardaithe mura leor suíomh an chláir comhardaithe, tráth an díola.

Airteagal 25

Céadroghanna

1. Aithneofar céadroghanna i gcuntais lasmuigh den chlár comhardaithe ón dáta trádála go dtí an dáta feidhmithe nó éaga ar phraghas ceangail na hionstraime foluití.

2. Aistreofar préimheanna arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach go euro ag ráta malairte an chonartha nó an dáta socraíochta. Aithneofar an phréimh a íocadh mar shócmhainn ar leithligh, agus aithneofar an phréimh a fuarthas mar dhliteanas ar leithligh.

3. Má fheidhmítear an chéadrogha, déanfar an ionstraim fholuiteach a thaifeadadh sa chlár comhardaithe ar an bpraghas ceangail móide nó lúide an luach préimhe bunaidh. Déanfar méid bunaidh na préimhe céadrogha a choigeartú ar bhonn caillteanais neamhréadaithe a thabharfar chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana.

4. Mura bhfeidhmítear an chéadrogha, tabharfar méid na préimhe céadrogha, arna choigeartú ar bhonn na gcaillteanas neamhréadaithe deireadh bliana roimhe sin, chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus aistreofar é ag an ráta malairte atá ar fáil ar an dáta éaga.

5. Beidh tionchar ar shuíomh an airgeadra ag an gcorrlach athrúcháin laethúil i gcomhair céadroghanna de stíl todhchaíochtaí, ag aon díluacháil deireadh bliana ar phréimh na céadrogha, ag an trádáil fholuiteach ar an dáta feidhmithe nó, ar an dáta éaga, ag an bpréimh céadrogha. Tabharfar athruithe laethúla ar na corrlaigh athrúcháin chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

6. Cé is moite de chéadroghanna atá leabaithe in urrúis, déanfar gach conradh céadrogha a athluacháil ina aonar. Aon chaillteanais neamhréadaithe a thugtar chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sna blianta ina dhiaidh sin, ní aisiompófar iad i gcoinne gnóthachain neamhréadaithe. Breacfar gnóthachain athluachála neamhréadaithe do shochar cuntais athluachála. Ní dhéanfar aon ghlanluacháil ar chaillteanais neamhréadaithe in aon chéadrogha amháin i gcoinne gnóthachain neamhréadaithe in aon chéadrogha eile.

7. Chun mír 6 a chur i bhfeidhm, is iad na margadhluachanna na praghsanna luaite nuair a bhíonn praghsanna den sórt sin ar fáil ó mhalartán, ó dhéileálaí, ó bhróicéir nó ó eintitis chomhchosúla. Nuair nach mbíonn praghsanna luaite ar fáil, socraítear an margadhluach trí theicníc luachála. Úsáidfear an teicníc luachála sin go comhsheasmhach le himeacht ama agus beifear in ann a thaispeáint go soláthraítear léi meastacháin iontaofa ar phraghsanna a gheofaí in idirbhearta iarbhír sa mhargadh.

8. Tabharfar táillí chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

CAIBIDIL V

OIBLEAGÁIDÍ UM THUAIRISCIÚ

Airteagal 26

Formáidí tuairiscithe

1. Tuairisceoidh BCNanna sonraí chun críocha thuairisciú airgeadais an Eurochórais do BCE de réir na Treoirlíne seo.

2. Cuimseofar i bhformáidí tuairiscithe an Eurochórais gach mír a shonraítear in Iarscríbhinn IV. Déantar cur síos freisin ar ábhar na míreanna atá le háireamh i bhformáidí éagsúla an chláir comhardaithe in Iarscríbhinn IV.

3. Formáidí na ráiteas airgeadais éagsúil a fhoilsítear, comhlíonfar leo na hIarscríbhinní seo a leanas go léir:

(a) Iarscríbhinn V: ráiteas airgeadais seachtainiúil comhdhlúite foilsithe an Eurochórais tar éis dheireadh na ráithe;

(b) Iarscríbhinn VI: ráiteas airgeadais seachtainiúil comhdhlúite foilsithe an Eurochórais le linn na ráithe;

(c) Iarscríbhinn VII: clár comhardaithe bliantúil comhdhlúite an Eurochórais.

CAIBIDIL VI

CLÁIR CHOMHARDAITHE AGUS CUNTAIS BHRABÚIS AGUS CHAILLTEANAIS FHOILSITHE BHLIANTÚLA

Airteagal 27

Cláir chomhardaithe agus cuntais bhrabúis agus chaillteanais fhoilsithe

Moltar go ndéanfadh BCNanna a gcláir chomhardaithe agus a gcuntais bhrabúis agus chaillteanais fhoilsithe bhliantúla a oiriúnú i gcomhréir le hIarscríbhinní VIII agus IX.

CAIBIDIL VII

RIALACHA MAIDIR LE COMHDHLÚTHÚ

Airteagal 28

Rialacha ginearálta maidir le comhdhlúthú

1. Cuimseofar i gcláir chomhardaithe chomhdhlúite an Eurochórais na míreanna go léir atá i gcláir chomhardaithe BCE agus na BCNanna.

2. Beidh comhsheasmhacht sna tuarascálacha sa phróiseas comhdhlúthaithe. Ullmhófar gach ráiteas airgeadais de chuid an Eurochórais ar bhonn comhchosúil trí na teicnící agus na próisis chomhdhlúthaithe chéanna a chur i bhfeidhm.

3. Ullmhóidh BCE cláir chomhardaithe chomhdhlúite an Eurochórais. Urramófar leis na cláir chomhardaithe sin an gá atá le prionsabail agus teicnící cuntasaíochta aonfhoirmeacha, tréimhsí airgeadais comhtheorannacha san Eurochóras agus coigeartuithe comhdhlúthaithe a éiríonn as idirbhearta agus suíomhanna laistigh den Eurochóras, agus cuirfear san áireamh iontu aon athruithe ar chomhdhéanamh an Eurochórais.

4. Déanfar aon míreanna aonair den chlár comhardaithe, seachas iarmhéideanna BCNanna agus BCE laistigh den Eurochóras, a chomhiomlánú chun críocha comhdhlúthaithe.

5. Déanfar iarmhéideanna BCNanna agus BCE le tríú páirtithe a thaifeadadh ar bhonn comhlán sa phróiseas comhdhlúthaithe.

6. Cuirfear iarmhéideanna laistigh den Eurochóras i láthair i gclár comhardaithe BCE agus BCNanna i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 29

Forbairt, cur i bhfeidhm agus léirmhíniú rialacha

1. Tuairisceoidh Coiste Cuntasaíochta agus Ioncaim Airgeadaíochta CEBC don Chomhairle Rialaithe, tríd an mBord Feidhmiúcháin, ar fhorbairt, cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme rialacha cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais CEBC.

2. Agus an Treoirlíne seo á léirmhíniú, cuirfear san áireamh an obair ullmhúcháin, na prionsabail chuntasaíochta atá comhchuibhithe le dlí an Aontais agus na prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

Airteagal 30

Rialacha idirthréimhseacha

1. Déanfaidh BCNanna luacháil ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais i gcomhréir le ceanglais Airteagal 9, amhail ar an dáta a dtiocfaidh siad chun bheith ina mbaill den Eurochóras. Déanfar gnóthachain neamhréadaithe a d'eascair roimh an dáta sin nó dá éis a scaradh ó aon ghnóthachain athluachála neamhréadaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn ina dhiaidh sin, agus fanfaidh siad leis na BCNanna. Na praghsanna agus na rátaí margaidh a chuireann na BCNanna i bhfeidhm sna cláir chomhardaithe thosaigh ag tús a rannpháirtíochta san Eurochóras, measfar gurb iad meánchostas shócmhainní agus dhliteanais na BCNanna sin iad.

2. Moltar nár cheart gnóthachain neamhréadaithe a d'eascair roimh bhallraíocht BCN san Eurochóras nó ag tús na ballraíochta sin a mheas mar ghnóthachain indáilte tráth an aistrithe agus nár cheart caitheamh leo ach mar ghnóthachain inréadaithe nó indáilte i gcomhthéacs idirbhearta a tharlaíonn tar éis dul isteach san Eurochóras.

3. Measfar gur gnóthachain agus caillteanais réadaithe iad gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí, óir agus praghais a eascraíonn as aistriú sócmhainní ó BCNanna chuig BCE.

4. Tá an tAirteagal seo gan dochar d'aon chinneadh a ghlacfar faoi Airteagal 30 de Reacht CEBC.

Airteagal 31

Aisghairm

1. Déantar Treoirlíne (AE) 2016/2249 (BCE/2016/34) a aisghairm ón 31 Nollaig 2024.

2. Déanfar tagairtí don Treoirlíne aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoirlíne seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn XI.

Airteagal 32

Gabháil éifeachta agus cur chun feidhme

1. Gabhfaidh éifeacht leis an Treoirlíne seo an lá a dtabharfar fógra faoi do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

2. Comhlíonfaidh bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu an Treoirlíne seo ón 31 Nollaig 2024.

Airteagal 33

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo chuig bainc cheannais uile an Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 14 Samhain 2024.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

Ráitis airgeadais don Eurochóras

Cineál tuarascála	Inmheánach/foilsithe	Foinse an cheanglais dhlíthiúil	Cuspóir na tuarascála
1. Ráiteas airgeadais laethúil an Eurochórais	Inmheánach	Níl aon fhoinse ann	Den chuid is mó chun críocha bainistiú leachtachta chun Airteagal 12.1 de Reacht CEBC a chur chun feidhme. Úsáidtear cuid de na sonraí atá sna ráitis airgeadais laethúla chun ioncam airgeadaíochta a ríomh
2. Ráiteas airgeadais seachtainiúil imdhealaithe	Inmheánach	Níl aon fhoinse ann	Bunús le táirgeadh ráiteas airgeadais seachtainiúil comhdhlúite an Eurochórais
3. Ráiteas airgeadais seachtainiúil comhdhlúite an Eurochórais	Foilsithe	Airteagal 15.2 de Reacht CEBC	Ráiteas airgeadais comhdhlúite don anailís airgeadaíochta agus eacnamaíoch. Díorthaítear ráiteas airgeadais seachtainiúil comhdhlúite an Eurochórais ó ráiteas airgeadais laethúil an lae tuairiscithe
4. Ráiteas airgeadais míosúil imdhealaithe an Eurochórais	Foilsithe	Níl aon fhoinse ann	Cuntasacht agus trédhearcacht an Eurochórais a neartú trí rochtain gan stró ar fhaisnéis i dtaobh shócmhainní agus dliteanais bhainc cheannais an Eurochórais a éascú. Faisnéis a sholáthar ar bhealach comhchuibhithe maidir le dílárú chur chun feidhme bheartas airgeadaíochta aonair BCE, agus maidir le gníomhaíochtaí airgeadais bhainc cheannais an Eurochórais nach gníomhaíochtaí beartais neamhairgeadaíochta iad.
5. Faisnéis airgeadais mhíosúil agus ráithiúil an Eurochórais	Foilsithe agus inmheánach ([1])	Rialacháin staidrimh, ar dá réir a chaithfidh MFInna sonraí a sheachadadh	Anailís staidrimh
6. Clár comhardaithe bliantúil comhdhlúite an Eurochórais	Foilsithe	Airteagal 26.3 de Reacht CEBC	Clár comhardaithe comhdhlúite chun críocha anailíse agus oibriúcháin

([1]) Cuirtear na sonraí míosúla isteach sna sonraí staidrimh comhiomlánaithe foilsithe a lorgaítear ó institiúidí airgeadais airgeadaíochta (MFInna) san Aontas. Thairis sin, mar MFInna, caithfidh na bainc cheannais, ar bhonn ráithiúil, faisnéis a sholáthar atá níos mionsonraithe ná an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sna sonraí míosúla.

IARSCRÍBHINN II

Gluais

— *Amúchadh:* laghdú córasach ar chuntais préimhe nó lascaine, nó luach sócmhainní in imeacht tréimhse ama.

— *Leithreasú:* an gníomh ina nglactar úinéireacht ar urrúis, ar iasachtaí nó ar aon sócmhainní a fuair eintiteas tuairiscithe mar chomhthaobhacht mar bhealach chun an t-éileamh bunaidh a fhorfheidhmiú.

— *Sócmhainn:* acmhainn arna rialú ag eintiteas tuairiscithe mar thoradh ar tharlúintí san am atá thart agus a bhfuiltear ag dréim leis go rachaidh tairbhí eacnamaíocha amach anseo uaithi chuig an eintiteas tuairiscithe.

— *Clár uathoibrithe iasachta urrús (CUIÚ):* clár arna thairiscint ag institiúid speisialaithe, e.g. banc a eagraíonn agus a láimhseálann iasachtaí urrús idir rannpháirtithe an chláir, i bhfoirm idirbheart athcheannaigh, idirbheart athcheannaigh comhcheangailte agus idirbheart athcheannaigh droim ar ais nó i bhfoirm idirbhearta maidir le hiasacht urrús. Maidir le clár atá bunaithe ar phríomhshuim, meastar gurb í an institiúid speisialaithe a thairgeann an clár sin an contrapháirtí deiridh, agus maidir le clár gníomhaireachtbhunaithe ní ghníomhaíonn an institiúid speisialaithe a thairgeann an clár sin ach mar ghníomhaire, agus is é an t-eintiteas lena ndéantar an iasacht urrús go héifeachtach an contrapháirtí deiridh.

— *Meánchostas:* modh an mheánchostais ualaithe, trína gcuirtear costas gach ceannaigh leis an luach leabhair atá ann cheana chun meánchostas ualaithe nua ar shuíomh airgeadra, ar ór, ar ionstraim fiachais nó chothromais a tháirgeadh.

— *An scála caipitil:* céatadán scaireanna na scairshealbh atá ag gach banc ceannais náisiúnta (BCN) sa Bhanc Ceannais Eorpach.

— *Cur chuige airgid/socraíochta:* cur chuige cuntasaíochta faoina dtaifeadtar tarlúintí cuntasaíochta ar dháta na socraíochta.

— *Contrapháirtí imréitigh lárnach:* duine dlítheanach a idirchuireann é féin idir na contrapháirtithe ar chonarthaí a thrádáiltear ar mhargadh airgeadais amháin nó níos mó, agus a thagann chun bheith ina cheannaitheoir do gach díoltóir agus ina dhíoltóir do gach ceannaitheoir.

— *Praghas glan:* praghas an idirbhirt gan aon lacáiste/ús fabhraithe a áireamh, ach lena n-áirítear costais idirbhirt ar cuid den phraghas iad.

— *Suim chúitimh:* coigeartú a dhéantar chun ioncam airgeadaíochta a ríomh i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/2939 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/33) ([1]).

— *Lascaine:* an difríocht idir parluach urrúis agus praghas an urrúis nuair a bhíonn an praghas sin níos ísle ná par.

— *Lascaine urrúis:* sócmhainn nach n-íocann ús cúpóin, agus a mbaintear an toradh uirthi trí luachmhéadú caipitil toisc go n-eisítear nó go gceannaítear an tsócmhainn ar lascaine óna luach ainmniúil nó óna pharluach.

— *Punann arna cur in áirithe:* infheistíocht arna cur in áirithe a shealbhaítear ar thaobh na sócmhainní den chlár comhardaithe mar chiste contrapháirtí, comhdhéanta d'urrúis fiachais, scaireanna cothromais, cistí infheistíochta, taiscí ar théarma seasta agus cuntais reatha, leasanna rannpháirteachais agus/nó infheistíochtaí i bhfochuideachtaí. Meaitseálann sé mír inaitheanta ar thaobh na ndliteanas den chlár comhardaithe, beag beann ar aon srianta dlíthiúla, srianta reachtúla nó srianta eile.

— *Cur chuige eacnamaíoch:* cur chuige cuntasaíochta faoina ndéantar déileálacha a thaifeadadh ar dháta na trádála nó an idirbhirt.

— *Cúnamh leachtachta éigeandála (ELA):* Cúnamh a thugtar d'institiúid airgeadais shócmhainneach, nó do ghrúpa institiúidí airgeadais sócmhainneacha, atá ag tabhairt aghaidh ar fhadhbanna sealadacha leachtachta. Soláthraíonn BCNanna ELA mura gcinneann an Chomhairle Rialaithe, de bhun Airteagal 14.4 de Reacht CEBC, go gcuireann soláthar ELA isteach ar chuspóirí agus ar chúraimí CEBC.

([1]) Cinneadh (AE) 2024/2939 ón mBanc Ceannais Eorpach an 14 Samhain 2024 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (BCE/2024/33) (IO L, 2024/2939, 11.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2939/oj).

— *Ionstraimí cothromais:* urrúis a bhfuil díbhinní orthu, i.e. scaireanna corparáideacha, agus urrúis a bhfuil fianaise ar infheistíocht i gciste infheistíochta le sonrú orthu.

— *Ráta malairte:* luach airgeadra amháin chun é a thiontú go hairgeadra eile.

— *Sásra ráta malairte II (Exchange Rate Mechanism, ERM II):* na nósanna imeachta maidir le sásra ráta malairte i gcéim a trí den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta.

— *Clár um Fhardal Cumhdaigh Sínte (ECI):* clár lena mbunaítear iosta lasmuigh den limistéar euro arna bhainistiú ag banc tráchtála ina gcoinnítear nótaí bainc euro faoi chumhdach thar ceann an Eurochórais chun nótaí bainc euro a sholáthar agus a fháil.

— *Sócmhainn airgeadais:* aon sócmhainn arb éard atá ann: (a) airgead tirim; (b) ceart conarthach airgead tirim nó ionstraim airgeadais eile a fháil ó ghnóthas eile; (c) ceart conarthach ionstraimí airgeadais a mhalartú le gnóthas eile faoi choinníollacha a d'fhéadfadh a bheith fabhrach; nó (d) ionstraim chothromais gnóthais eile.

— *Dliteanas airgeadais:* aon dliteanas arb oibleagáid dhlíthiúil é airgead nó ionstraim airgeadais eile a sheachadadh ar ghnóthas eile nó ionstraimí airgeadais a mhalartú le gnóthas eile faoi choinníollacha a d'fhéadfadh a bheith neamhfhabhrach.

— *Rioscaí airgeadais:* rioscaí margaidh, leachtachta agus creidmheasa.

— *Sealúchas airgeadra eachtraigh:* an glansuíomh san airgeadra faoi seach. Chun críche an tsainmhínithe sin, meastar gur airgeadra ar leithligh iad cearta tarraingthe speisialta (CTSanna); is idirbhearta ainmnithe in CTSanna nó idirbhearta malairte eachtraí ag macasamhlú comhdhéanamh ciseáin CTSanna (ag féachaint don sainmhíniú ábhartha ar an gciseán agus dá ualuithe) iad idirbhearta a mbíonn athrú ar an nglansuíomh in CTSanna i gceist iontu.

— *Idirbheart réamh-mhalairte:* conradh ina gcomhaontaítear réamhcheannach glan amach nó díolachán glan amach suime áirithe arna hainmniú in airgeadra eachtrach i gcoinne airgeadra eile, an t-airgeadra intíre de ghnáth, ar lá áirithe agus ina mbíonn an méid le seachadadh ar dháta sonraithe sa todhchaí, níos mó ná dhá lá oibre tar éis dháta an chonartha, ar phraghas ar leith. Is éard atá sa ráta réamh-mhalairte an spotráta atá i réim móide/lúide préimh/lascaine comhaontaithe.

— *Babhtáil airgeadraí eachtracha:* spotcheannach nó spotdíol comhuaineach airgeadra amháin i gcoinne airgeadra eile (malairt ghearr) agus réamhdhíol nó réamhcheannach an mhéid chéanna den airgeadra sin i gcoinne an airgeadra eile (malairt fhada).

— *Comhaontú ar réamhráta:* conradh ina n-aontaíonn dhá pháirtí an ráta úis atá le híoc ar thaisce bharúlach aibíochta sonraithe ar dháta sonrach amach anseo. Ar dháta na socraíochta ní mór do pháirtí amháin cúiteamh a íoc leis an gceann eile, ag brath ar an difríocht idir an ráta úis conarthach agus ráta an mhargaidh ar dháta na socraíochta.

— *Réamh-idirbhearta in urrúis:* conarthaí thar an gcuntar ina ndéantar ceannach nó díol ionstraime ráta úis, banna nó nóta de ghnáth, a chomhaontú ar dháta an chonartha agus go bhfuil sé le seachadadh ar dháta amach anseo, ar phraghas ar leith.

— *Conradh todhchaíochtaí:* réamhchonradh arna thrádáil ar an malartán. I gconradh den sórt sin, comhaontaítear ceannach nó díol ionstraime foluití ar dháta an chonartha agus é sin le seachadadh ar dháta sa todhchaí, ar phraghas ar leith. De ghnáth ní dhéantar aon seachadadh iarbhír toisc go ndúntar an conradh roimh an aibíocht chomhaontaithe.

— *Céadrogha de stíl todhchaíochtaí:* céadrogha ar dhíol liostaithe ina n-íoctar nó ina bhfaightear corrlach athrúcháin ar bhonn laethúil.

— *Prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta (GAAP):* tacar comhchoiteann prionsabal, caighdeán agus nósanna imeachta cuntasaíochta a mbaineann eintitis úsáid astu chun a ráitis airgeadais a ullmhú. Is éard is GAAP ann teaglaim de chaighdeáin údarásacha (arna socrú ag boird bheartais) agus de bhealaí a nglactar leo go coitianta chun faisnéis chuntasaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú.

— *Fálú:* an próiseas chun na rioscaí ar shócmhainní nó dliteanais airgeadais nó eile a fhritháireamh i gcoinne a chéile, d'fhonn iarmhairtí foriomlána gluaiseachtaí díobhálacha i bpraghsanna, i rátaí úis nó i rátaí malairte a laghdú.

— *Urrúis coinnithe go dtí aibíocht:* urrúis lena ngabhann íocaíochtaí seasta nó inchinntithe agus aibíocht sheasta, a bhfuil sé ar intinn ag an eintiteas tuairiscithe iad a choinneáil go dtí go n-aibíonn siad.

— *Bearnú:* laghdú ar an méid inghnóthaithe faoi bhun na suime glanluacha.

— *Babhtáil ráta úis:* comhaontú conarthach chun sreafaí airgid a mhalartú a léiríonn sruthanna íocaíochtaí úis tréimhsiúla le contrapháirtí in airgeadra amháin nó, i gcás idirbhearta tras-airgeadra, in dhá airgeadra éagsúla.

— *Ráta toraidh inmheánach:* an ráta lascaine ar a bhfuil luach cuntasaíochta urrúis cothrom le luach reatha an tsreafa airgid todhchaí.

— *Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais:* na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta agus léirmhínithe gaolmhara ag, mar shampla, an mBuanchoiste Léirmhíniúcháin agus ag Coiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach.

— *Uimhir aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISIN):* an uimhir arna heisiúint ag an údarás eisiúna inniúil ábhartha.

— *Dliteanas:* oibleagáid reatha atá ar ghnóthas de dhroim tarlúintí san am a chuaigh thart, a bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh de thoradh ar a socraíocht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ina gcuimsítear tairbhí eacnamaíocha ann ón ngnóthas.

— *Oibríochtaí athmhaoiniúcháin níos fadtéarmaí:* oibríochtaí rialta margaidh oscailte a dhéanann an tEurochóras i bhfoirm idirbhearta droim ar ais atá dírithe ar sholáthar leachtachta lena ngabhann aibíocht níos faide ná aibíocht na bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin don earnáil airgeadais.

— *Príomhoibríocht athmhaoiniúcháin (MRO):* oibríocht rialta ar an margadh oscailte a dhéanann an tEurochóras i bhfoirm idirbheart droim ar ais. Déantar MROnna trí thairiscintí caighdeánacha seachtainiúla agus is gnách go mbíonn aibíocht seachtaine ag gabháil leo.

— *Margadhphraghas:* an praghas a luaitear le haghaidh ionstraim óir, malairte eachtraí nó urrús gan ús fabhraithe nó lacáiste ar mhargadh eagraithe a áireamh de ghnáth, e.g. stocmhalartán nó margadh neamheagraithe, e.g. margadh thar an gcuntar.

— *Dáta aibíochta:* an dáta a dtiocfaidh an luach ainmniúil/méid barúlach chun bheith dlite agus iníoctha go hiomlán leis an sealbhóir.

— *Praghas meánmhargaidh:* an lárphointe idir an praghas tairgthe agus an praghas tairisceana ar urrús, bunaithe ar luachana i leith idirbhearta ar ghnáthmhéid margaidh ag cruthaitheoirí margaidh aitheanta nó malartáin trádála aitheanta, a úsáidtear don nós imeachta athluachála ráithiúil.

— *Rátaí meánmhargaidh:* na rátaí tagartha malairte eachtraí euro a bhíonn bunaithe go ginearálta ar an nós imeachta comhbheartaithe rialta idir bainc cheannais laistigh agus lasmuigh den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), a tharlaíonn de ghnáth ag 14.15 Am Lár na hEorpa, agus a úsáidtear le haghaidh an nós imeachta athluachála ráithiúil.

— *Ioncam airgeadaíochta:* An t-ioncam a fhabhraíonn chuig BCNanna i bhfeidhmiú bheartas airgeadaíochta CEBC. Déantar ioncam airgeadaíochta a chomhthiomsú agus a leithdháileadh i measc BCNanna ag deireadh gach bliana airgeadais.

— *Céadrogha:* conradh lena dtugtar an ceart, ach ní an oibleagáid, don sealbhóir méid sonrach stoic, tráchtearra, airgeadra, innéacs, nó fiachais ar leith a cheannach nó a dhíol ar phraghas sonraithe le linn tréimhse shonraithe ama nó ar an dáta éaga.

— *Préimh:* an difríocht idir parluach urrúis agus praghas an urrúis nuair a bhíonn an praghas sin níos ísle ná par.

— *Soláthairtí:* méideanna a chuirtear i leataobh sula dtagtar ar an bhfigiúr brabúis nó caillteanais chun foráil a dhéanamh d'aon dliteanas nó riosca aitheanta nó ionchasach, nach féidir a chostas a chinneadh go cruinn (féach Cúlchistí). Ní fhéadfar soláthairtí le haghaidh dliteanais agus muirir sa todhchaí a úsáid chun luach sócmhainní a choigeartú.

— *Gnóthachain/caillteanais réadaithe:* gnóthachain/caillteanais a eascraíonn as an difríocht idir an praghas díola atá ar mhír sa chlár comhardaithe agus costas coigeartaithe na míre sin.

— *Comhaontú athcheannaigh:* socrú lena ngabhann an cuspóir eacnamaíoch airgead a fháil ar iasacht trína ndíoltar sócmhainn, urrús ioncaim sheasta de ghnáth, le ceannaitheoir gan aon úinéireacht a choinneáil ar thaobh an díoltóra, agus trína bhfaigheann an díoltóir, ag an am céanna, an ceart agus an oibleagáid sócmhainn choibhéiseach a athcheannach ar phraghas sonrach ar dháta sa todhchaí nó ar éileamh.

— *Cúlchistí:* méid a chuirtear i leataobh ó bhrabúis indáilte nach bhfuil sé beartaithe go gcomhlíonfaidh sé aon dliteanas sonrach, teagmhasacht shonrach nó laghdú ionchasach ar luach na sócmhainní arb eol é/í a bheith ann ar dháta an chláir comhardaithe.

— *Cuntais athluachála:* cuntais cláir comhardaithe i dtaobh chlárúchán na difríochta i luach sócmhainne nó dliteanais idir costas coigeartaithe a fála agus a luacháil ar an margadhphraghas deireadh tréimhse, i gcás ina bhfuil an luacháil deiridh sin níos airde ná an luacháil tosaigh i gcás sócmhainní, agus i gcás ina bhfuil an luacháil deiridh níos ísle ná an luacháil tosaigh i gcás dliteanas. Cuimsítear leo difríochtaí i luachana praghsanna agus/nó i rátaí malairte margaidh.

— *Comhaontú athcheannaigh droim ar ais (athcheannach droim ar ais):* conradh faoina n-aontaíonn sealbhóir airgid le sócmhainn a cheannach agus, ag an am céanna, go n-aontaíonn sé nó sí an tsócmhainn a athdhíol ar phraghas comhaontaithe ar éileamh, i gceann tréimhse shonraithe, nó i gcás teagmhas áirithe. Uaireanta comhaontaítear idirbheart athcheannaigh trí thríú páirtí (athcheannach tripháirtí).

— *Idirbheart droim ar ais:* oibríocht trína gceannaíonn (athcheannach droim ar ais) eintiteas tuairiscithe nó trína ndíolann (athcheannach) eintiteas tuairiscithe sócmhainní faoi chomhaontú athcheannaigh nó trína seolann eintiteas tuairiscithe oibríochtaí creidmheasa i gcoinne comhthaobhachta.

— *Socraíocht:* gníomh lena gcomhlíontar oibleagáidí i leith cistí nó aistrithe sócmhainní idir dhá pháirtí nó níos mó. I gcomhthéacs na n-idirbheart laistigh den Eurochóras, tagraíonn socraíocht do díothú na nglan-iarmhéideanna a eascraíonn as idirbhearta laistigh den Eurochóras agus éilítear léi aistriú sócmhainní.

— *Dáta socraíochta:* an dáta ar taifeadadh an t-aistriú deiridh agus neamh-inchúlghairthe luacha i leabhair na hinstitiúide socraíochta ábhartha. Féadfaidh uainiú na socraíochta a bheith amhlaidh láithreach (fíor-am), an lá céanna (deireadh an lae) nó dáta comhaontaithe tar éis an dáta a ndearnadh an gealltanas.

— *Spotráta:* an ráta ar dá réir a shocraítear idirbheart ar dháta na spotsocraíochta. Maidir le réamh-idirbhearta malairte eachtraí, is é an spotráta an ráta lena gcuirtear na réamhphointí i bhfeidhm d'fhonn an réamhráta a dhíorthú.

— *Dáta spotsocraíochta:* an dáta a socraítear spot-idirbheart in ionstraim airgeadais de réir na ngnáthchoinbhinsiún margaidh don ionstraim airgeadais sin.

— *Modh an mhéid chothroim:* déantar dímheas nó amúchadh a chinneadh in imeacht tréimhse ar leith trí chostas na sócmhainne, lúide a luach iarmharach measta, a roinnt ar shaolré úsáideach measta na sócmhainne *pro rata temporis*.

— *Praghas ceangail:* an praghas sonraithe ar chonradh céadrogha ar féidir an céadrogha a fheidhmiú air.

— *Ionstraim shintéiseach:* ionstraim airgeadais a chruthaítear go saorga trí dhá ionstraim nó níos mó a chomhcheangal agus é d'aidhm leis sin sreabhadh airgid agus patrúin luachála ionstraime eile a mhacasamhlú. Is trí bhíthin idirghabhálaí airgeadais a dhéantar é sin de ghnáth.

— *TARGET:* an tUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach den chéad ghlúin eile, de bhun Threoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/8) ([2]).

— *Dáta trádála (ar a dtugtar dáta an idirbhirt freisin):* an dáta a ndéantar idirbheart.

— *Costais idirbhirt:* costais atá inaitheanta mar chostais a bhaineann leis an idirbheart sonrach.

— *Praghas idirbhirt:* an praghas a chomhaontaítear idir na páirtithe nuair a dhéantar conradh.

— *Gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe:* gnóthachain/caillteanais a eascraíonn as athluacháil sócmhainní i gcomparáid le costas coigeartaithe a bhfála.

([2]) Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Feabhra 2022 maidir le hUathchóras Nua Giniúna Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) agus lena n-aisghairtear Treoirlíne (BCE/2012/27) (BCE/2022/8) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 84).

IARSCRÍBHINN III

Tuairisc ar an gcur chuige eacnamaíoch

(lena n-áirítear na cuir chuige 'rialta' agus 'mhalartacha' dá dtagraítear in Airteagal 5)

1. **Cuntasaíocht dáta trádála**

1.1. Féadfar cuntasaíocht dáta trádála a chur chun feidhme tríd an 'gcur chuige rialta' nó tríd an 'gcur chuige malartach'.

1.2. Tagraíonn Airteagal 5(1)(a) don 'chur chuige rialta'.

1.2.1. Déantar idirbhearta a thaifeadadh ar chuntais lasmuigh den chlár comhardaithe ar an dáta trádála.

Ar dháta na socraíochta déantar na hiontrálacha taifeadta lasmuigh den chlár comhardaithe a aisiompú, agus déantar na hidirbhearta a thaifeadadh ar chuntais an chláir comhardaithe.

1.2.2. Bíonn tionchar ag na suíomhanna airgeadra eachtraigh ar an dáta trádála.

Dá bharr sin, ríomhtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe a eascraíonn as glandíolacháin ar an dáta trádála. Bíonn tionchar ag glancheannach airgeadraí eachtracha ar mheánchostas an tsealúchais airgeadra ar an dáta trádála.

1.3. Tagraíonn Airteagal 5(1)(b) don 'chur chuige malartach'.

1.3.1. Murab ionann agus an 'cur chuige rialta', ní dhéantar aon taifeadadh laethúil lasmuigh den chlár comhardaithe ar na hidirbhearta comhaontaithe a shocraítear tráth níos déanaí. Aithnítear ioncam réadaithe agus ríomh meánchostas nua ar dháta na socraíochta ([1]).

1.3.2. Maidir le hidirbhearta a chomhaontaítear i mbliain faoi leith ach a aibíonn i mbliain ina dhiaidh sin, láimhseáiltear an t-aitheantas ioncaim de réir an 'chur chuige rialta'. Ciallaíonn sé sin go mbíonn tionchar ag éifeachtaí réadaithe ó dhíolacháin ar chuntais bhrabúis agus chaillteanais na bliana ar comhaontaíodh an t-idirbheart agus go n-athraítear le ceannacháin meánchostas sealúchais sa bhliain ar comhaontaíodh an t-idirbheart.

1.4. Taispeántar sa tábla a leanas príomhthréithe an dá theicníc a forbraíodh le haghaidh ionstraimí malairte eachtraí aonair agus le haghaidh urrús.

Cuntasaíocht dáta trádála	
'An cur chuige rialta'	'An cur chuige malartach'
Spot-idirbhearta malairte eachtraí – láimhseáil i rith na bliana	
Déantar **ceannacháin** malairte eachtraí a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe ar an dáta trádála agus bíonn tionchar acu ar mheánchostas an tsuímh airgeadra eachtraigh ón dáta sin. Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as **díolacháin**, meastar iad a bheith réadaithe ar dháta an idirbhirt nó na trádála. Ar dháta na socraíochta, aisiompaítear na hiontrálacha lasmuigh den chlár comhardaithe agus déantar iontrálacha ar an gclár comhardaithe.	Déantar **ceannacháin** malairte eachtraí a thaifeadadh ar an gclár comhardaithe ar dháta na socraíochta, a dhéanann difear do mheánchostas an tsuímh airgeadra eachtraigh ón dáta sin. Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as **díolacháin**, meastar iad a bheith réadaithe ar dháta na socraíochta. Ar an dáta trádála, ní dhéantar aon iontráil chuntasaíochta ar an gclár comhardaithe.

([1]) I gcás réamh-idirbhearta malairte eachtraí déantar difear don sealúchas airgeadra ar an dáta spotsocraíochta, i.e. an dáta trádála + 2 lá de ghnáth.

Cuntasaíocht dáta trádála	
'An cur chuige rialta'	'An cur chuige malartach'
Réamh-idirbhearta malairte eachtraí – láimhseáil i rith na bliana	
Déantar iad a láimhseáil ar an mbealach céanna a thuairiscítear thuas le haghaidh spot-idirbheart, agus iad á dtaifeadadh de réir spotráta an idirbhirt.	Déantar **ceannacháin** malairte eachtraí a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe ar dháta na socraíochta, ionas go ndéantar difear do mheánchostas an tsuímh airgeadra eachtraigh ón dáta seo agus de réir spotráta an idirbhirt. Taifeadtar **díolacháin** malairte eachtraí lasmuigh den chlár comhardaithe ar dháta socraíochta an idirbhirt. Meastar gnóthachain agus caillteanais a bheith réadaithe ar dháta spotsocraíochta an idirbhirt. Ar dháta na socraíochta, aisiompaítear na hiontrálacha lasmuigh den chlár comhardaithe agus déantar iontrálacha ar an gclár comhardaithe. Maidir le láimhseáil ag deireadh na tréimhse, féach thíos.
Spot-idirbhearta agus réamh-idirbhearta malairte eachtraí arna dtionscnamh i mbliain 1 sa chás gur i mbliain 2 a thiteann dáta spotsocraíochta an idirbhirt.	
Níl aon socrú speisialta de dhíth mar go dtaifeadtar na hidirbhearta ar dháta na trádála agus mar go n-aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar an dáta sin.	Ba cheart iad seo a leanas láimhseáil mar a dhéanfaí faoin 'gcur chuige rialta' (*): — Taifeadtar **díolacháin** malairte eachtraí lasmuigh den chlár comhardaithe i mbliain 1 d'fhonn gnóthachain/caillteanais réadaithe malairte eachtraí a thuairisciú sa bhliain airgeadais ar comhaontaíodh an t-idirbheart. — Déantar **ceannacháin** malairte eachtraí a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe i mbliain 1 agus bíonn tionchar acu ar mheánchostas an tsuímh airgeadra eachtraigh ón dáta sin. — Maidir le hathluacháil deireadh bliana ar shealúchas airgeadra, ní mór go gcuirfí san áireamh inti **glancheannacháin/glandíolacháin** lena ngabhann dáta spotsocraíochta sa bhliain airgeadais dár gcionn.
Idirbhearta urrús – láimhseáil i rith na bliana	
Aithnítear ceannacháin agus díolacháin lasmuigh den chlár comhardaithe ar an dáta trádála. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar an dáta sin freisin. Ar dháta na socraíochta déantar na hiontrálacha lasmuigh den chlár comhardaithe a aisiompú, agus déantar iontrálacha ar an gclár comhardaithe, i.e. an láimhseáil chéanna agus a dhéantar ar spot-idirbhearta malairte eachtraí.	Déantar gach idirbheart a thaifeadadh ar dháta na socraíochta; féach thíos, áfach, maidir le láimhseáil ag deireadh na tréimhse. Dá bhrí sin, maidir leis an tionchar ar an mheánchostas, i gcás ina dtarlaíonn **ceannacháin**, agus ar ghnóthachain nó ar chaillteanais, i gcás ina dtarlaíonn **díolacháin**, aithnítear é ar dháta na socraíochta.
Idirbhearta urrús arna dtionscnamh i mbliain 1 sa chás gur i mbliain 2 a thiteann dáta spotsocraíochta an idirbhirt.	
Ní theastaíonn aon láimhseáil speisialta mar tá idirbhearta agus iarmhairtí taifeadta cheana féin ar an dáta trádála.	Aithnítear gnóthachain agus caillteanais réadaithe i mbliain 1 ag deireadh na tréimhse, i.e. an láimhseáil chéanna agus dhéantar ar spot-idirbhearta malairte eachtraí, agus áirítear ceannacháin sa phróiseas athluachála deireadh bliana (*).

(*) Féadfar prionsabal na hábharthachta a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil aon tionchar ábhartha ag na hidirbhearta sin ar an suíomh airgeadra eachtraigh ná ar an gcuntas brabúis agus caillteanais.

2. **Taifeadadh laethúil ar ús fabhraithe, lena n-áirítear préimheanna nó lascainí**

2.1. Déantar ús, préimh nó lascaine fabhraithe a bhaineann le hionstraimí airgeadais arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach a ríomh agus a thaifeadadh ar bhonn laethúil, go neamhspleách ar an bhfíorshreabhadh airgid. Ciallaíonn sé sin go ndéantar difear don suíomh airgeadra eachtraigh nuair a thaifeadtar an t-ús fabhraithe sin, murab ionann agus nuair nach ndéantar ach an t-ús a fháil nó a íoc ([2]).

2.2. Déantar fabhruithe cúpóin agus amúchadh préimhe nó lascaine a ríomh agus a thaifeadadh ó dháta socraíochta cheannach an urrúis go dtí dáta socraíochta an díola, nó go dtí dáta aibíochta an chonartha.

2.3. Sa tábla thíos tugtar breac-chuntas ar an tionchar a bhíonn ag taifeadadh laethúil fabhruithe ar an sealúchas malairte eachtraí, e.g. ús iníoctha agus préimh/lascainí amúchta:

Ús fabhraithe a thaifeadadh go laethúil mar chuid den chur chuige eacnamaíoch
Déantar fabhruithe i leith ionstraimí ainmnithe malairte eachtraí a ríomh agus a thaifeadadh go laethúil de réir ráta malairte an lae taifeadta.
Tionchar ar an sealúchas malairte eachtraí
Bíonn tionchar ag fabhruithe ar an suíomh airgeadra eachtraigh an tráth a dtaifeadtar iad, gan iad a aisiompú tráth níos déanaí. Imréitítear an fabhrú nuair a fhaightear nó nuair a íoctar an t-airgead iarbhír. Dá bhrí sin, ní bhíonn aon éifeacht ann, dáta na socraíochta, ar an suíomh airgeadra eachtraigh, ós rud é go gcuirtear an fabhrú san áireamh sa suíomh atá á athluacháil san athluacháil thréimhsiúil.

([2]) Sainaithníodh dhá chur chuige fhéideartha chun fabhruithe a aithint. Is é an chéad cheann 'cur chuige an lae féilire' ina ndéantar na fabhruithe a thaifeadadh gach lá féilire go neamhspleách ar cibé acu an lá deireadh seachtaine, lá saoire bainc nó lá gnó é. Is é an dara ceann 'cur chuige an lae gnó'; sa chur chuige sin ní thaifeadtar fabhruithe ach ar laethanta gnó. Níl aon tosaíocht ann maidir leis an gcur chuige a roghnaítear. Mura lá gnó é an lá deireanach den bhliain, áfach, ní mór é a áireamh i ríomh fabhruithe i gceachtar den dá chur chuige.

IARSCRÍBHINN IV

Rialacha comhshocraíochta agus luachála don chlár comhardaithe ([1])

SÓCMHAINNÍ

Mír den chlár comhardaithe ([2]) ([6])			Catagóiriú ábhar na míreanna den chlár comhardaithe	Prionsabal luachála	Raon feidhme ([3])
1	1	**Ór agus infháltais óir**	Ór fisiciúil, i.e. barraí, boinn, plátaí, cnapanna i stóráil nó 'faoi shiúl'. Ór neamhfhisiciúil, amhail iarmhéideanna i gcuntais óir neamh-leithdháilte, taiscí téarma agus éilimh chun ór a fháil a eascraíonn as na hidirbhearta a leanas: (a) idirbhearta a uasghrádú nó a íosghrádú; agus (b) suíomh óir nó babhtálacha íonachta i gcás ina bhfuil difríocht ann de níos mó ná aon lá gnó amháin idir scaoileadh agus glacadh	Margadhluach	Éigeantach
2	2	**Éilimh ar chónaitheoirí i limistéar nach é an limistéar euro é, arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach**	Éilimh ar chontrapháirtithe a chónaíonn lasmuigh den limistéar euro, lena n-áirítear bainc cheannais lasmuigh den limistéar euro, arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach		
2.1	2.1	**Infháltais ón gCiste Airgead-aíochta Idirnáisiúnta (CAI)**	(a) **Cearta tarraingthe laistigh den tráinse cúltaca (glan)** Cuóta náisiúnta lúide iarmhéideanna in euro atá ar fáil don CAI. Féadfar cuntas Uimh. 2 de chuid CAI (cuntas euro le haghaidh speansais riaracháin) a áireamh sa mhír seo nó faoin mír 6 'Dliteanais i leith cónaitheoirí de chuid limistéir nach é an limistéar euro é, arna n-ainmniú in euro'	(a) **Cearta tarraingthe laistigh den tráinse cúltaca (glan)** Luach ainmniúil, arna aistriú de réir ráta an mhargaidh malairte eachtraí	Éigeantach
			(b) **Cearta Tarraingthe Speisialta (CTSanna)** Sealúchais CTSanna (comhlán)	(b) **CTSanna** Luach ainmniúil, arna aistriú de réir ráta an mhargaidh malairte eachtraí	Éigeantach
			(c) **Éilimh eile** Iasachtaí faoi shocruithe speisialta iasachta, taiscí arna lóisteáil in iontaobhais faoi bhainistiú CAI	(c) **Éilimh eile** Luach ainmniúil, arna aistriú de réir ráta an mhargaidh malairte eachtraí	Éigeantach

Mír den chlár comhardaithe ([2]) ([6])			Catagóiriú ábhar na míreanna den chlár comhardaithe	Prionsabal luachála	Raon feidhme ([3])
2.2	2.2	**Iarmhéideanna le bainc agus infheistíochtaí urrúis, iasachtaí seachtracha agus sócmhainní seachtracha eile**	(a) **Iarmhéideanna le bainc lasmuigh den limistéar euro seachas iad siúd faoi mhír shócmhainne 11.3 'Sócmhainní airgeadais eile'** Cuntais reatha, taiscí téarma shocraithe, airgead ó lá go lá, idirbhearta athcheannaigh droim ar ais	(a) **Iarmhéideanna le bainc lasmuigh den limistéar euro** Luach ainmniúil, arna aistriú de réir ráta an mhargaidh malairte eachtraí	Éigeantach
			(b) **Infheistíochtaí urrúis lasmuigh den limistéar euro seachas iad siúd faoi mhír shócmhainne 11.3 'Sócmhainní airgeadais eile'** Nótaí agus bannaí, billí, bannaí nialasacha, páipéar margaidh airgid, scaireanna cothromais, cistí infheistíochta arna sealbhú mar chuid de na cúlchistí eachtracha, iad uile eisithe ag cónaitheoirí de chuid limistéir nach é an limistéar euro é		
				(b) (i) **Urrúis fiachais indíolta nach urrúis atá coinnithe go dtí aibíocht iad** Margadhphraghas agus ráta an mhargaidh malairte eachtraí. Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(ii) **Urrúis fiachais indíolta a aicmítear mar urrúis atá coinnithe go dtí aibíocht** Costas faoi réir bearnú agus ráta margaidh malairte eachtraí. Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(iii) **Urrúis neamh-indíolta** Costas faoi réir bearnú agus ráta margaidh malairte eachtraí. Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(iv) **Scaireanna cothromais indíolta** Margadhphraghas agus ráta an mhargaidh malairte eachtraí.	Éigeantach
				(v) **Cistí infheistíochta indíolta** Margadhphraghas agus ráta an mhargaidh malairte eachtraí.	Éigeantach
			(c) **Iasachtaí seachtracha (taiscí) lasmuigh den limistéar euro seachas iad siúd faoi mhír shócmhainne 11.3 'Sócmhainní airgeadais eile'**	(c) **Iasachtaí seachtracha** Taiscí ar luach ainmniúil, aistrithe de réir ráta an mhargaidh malairte eachtraí	Éigeantach

Mír den chlár comhardaithe ([2]) ([6])			Catagóiriú ábhar na míreanna den chlár comhardaithe	Prionsabal luachála	Raon feidhme ([3])
			(d) **Sócmhainní seachtracha eile** Nótaí bainc agus boinn de chuid limistéir nach é an limistéar euro é	(d) **Sócmhainní seachtracha eile** Luach ainmniúil, arna aistriú de réir ráta an mhargaidh malairte eachtraí	Éigeantach
3	3	**Éilimh ar chónaitheoirí sa limistéar euro, arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach**	(a) **Infheistíochtaí urrúis laistigh den limistéar euro seachas iad siúd faoi mhír shócmhainne 11.3 'Sócmhainní airgeadais eile'** Nótaí agus bannaí, billí, bannaí nialasacha, páipéar margaidh airgid, scaireanna cothromais, cistí infheistíochta arna sealbhú mar chuid de na cúlchistí eachtracha, iad uile eisithe ag cónaitheoirí de chuid an limistéir euro		
				(a) (i) **Urrúis fiachais indíolta nach urrúis atá coinnithe go dtí aibíocht iad** Margadhphraghas agus ráta an mhargaidh malairte eachtraí. Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(ii) **Urrúis fiachais indíolta a aicmítear mar urrúis atá coinnithe go dtí aibíocht** Costas faoi réir bearnú agus ráta margaidh malairte eachtraí. Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(iii) **Urrúis neamh-indíolta** Costas faoi réir bearnú agus ráta margaidh malairte eachtraí. Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(iv) **Scaireanna cothromais indíolta** Margadhphraghas agus ráta an mhargaidh malairte eachtraí.	Éigeantach
				(v) **Cistí infheistíochta indíolta** Margadhphraghas agus ráta an mhargaidh malairte eachtraí.	Éigeantach
			(b) **Éilimh eile ar chónaitheoirí an limistéir euro seachas iad siúd faoi mhír shócmhainne 11.3 'Sócmhainní airgeadais eile'** Iasachtaí, taiscí, idirbhearta athcheannaigh droim ar ais, iasachtú ilghnéitheach	(b) **Éilimh eile** Taiscí agus iasachtaí eile ar luach ainmniúil, arna n-aistriú de réir ráta an mhargaidh malairte eachtraí	Éigeantach

Mír den chlár comhardaithe ([2]) ([6])			Catagóiriú ábhar na míreanna den chlár comhardaithe	Prionsabal luachála	Raon feidhme ([3])
4	4	**Éilimh ar chónaitheoirí i limistéar nach é an limistéar euro é, arna n-ainmniú in euro**			
4.1	4.1	**Iarmhéideanna le bainc, infheistíochtaí urrúis agus iasachtaí**	(a) **Iarmhéideanna le bainc lasmuigh den limistéar euro seachas iad siúd faoi mhír shócmhainne 11.3 'Sócmhainní airgeadais eile'** Cuntais reatha, taiscí téarma shocraithe, airgead ó lá go lá. Idirbhearta athcheannaigh droim ar ais i ndáil le bainistiú urrús, arna n-ainmniú in euro	(a) **Iarmhéideanna le bainc lasmuigh den limistéar euro** Luach ainmniúil	Éigeantach
			(b) **Urrúis arna n-eisiúint ag eintitis lasmuigh den limistéar euro seachas iad siúd faoi mhír shócmhainne 11.3 'Sócmhainní airgeadais eile' nó faoi mhír shócmhainne 7.1 'Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta'** Scaireanna cothromais, cistí infheistíochta, nótaí agus bannaí, billí, bannaí nialasacha, páipéar margaidh airgid, iad uile eisithe ag cónaitheoirí de chuid limistéir nach é an limistéar euro é		
				(b) (i) **Urrúis fiachais indíolta nach urrúis atá coinnithe go dtí aibíocht iad** Margadhphraghas Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(ii) **Urrúis fiachais indíolta a aicmítear mar urrúis atá coinnithe go dtí aibíocht** Costas faoi réir bearnú. Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(iii) **Urrúis neamh-indíolta** Costas faoi réir bearnú. Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(iv) **Scaireanna cothromais indíolta** Margadhphraghas	Éigeantach
				(v) **Cistí infheistíochta indíolta** Margadhphraghas	Éigeantach
			(c) **Iasachtaí do chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro seachas iad siúd faoi mhír shócmhainne 11.3 'Sócmhainní airgeadais eile'**	(c) **Iasachtaí do chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro** Taiscí ag luach ainmniúil	Éigeantach

Mír den chlár comhardaithe ([2]) ([6])			Catagóiriú ábhar na míreanna den chlár comhardaithe	Prionsabal luachála	Raon feidhme ([3])
4.2	4.2	**Éilimh a eascraíonn as an tsaoráid chreidmheasa faoin Sásra Ráta Malairte II (the Exchange Rate Mechanism, ERM II)**	Iasachtú de réir choinníollacha an ERM II	Luach ainmniúil	Éigeantach
5	5	**Iasachtú le hinstitiúidí creidmheasa sa limistéar euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgead-aíochta, arna ainmniú in euro**	Míreanna 5.1 go 5.5: idirbhearta de réir na n-ionstraimí beartais airgeadaíochta faoi seach a thuairiscítear i dTreoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ([4])		
5.1	5.1	**Príomhoi-bríochtaí athmhaoin-iúcháin**	Idirbhearta droim ar ais rialta lena soláthraítear leachtacht agus lena ngabhann minicíocht sheachtainiúil agus aibíocht seachtaine de ghnáth	Luach ainmniúil nó costas athcheannaigh	Éigeantach
5.2	5.2	**Oibríochtaí athmhaoin-iúcháin fadtéarmacha**	Idirbhearta droim ar ais rialta lena soláthraítear leachtacht agus lena ngabhann minicíocht mhíosúil de ghnáth, lena ngabhann aibíocht níos faide ná aibíocht na bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin	Luach ainmniúil nó costas athcheannaigh	Éigeantach
5.3	5.3	**Oibríochtaí droim ar ais mionchoig-eartúcháin**	Idirbhearta droim ar ais, arna bhforghníomhú mar idirbhearta ad hoc chun críocha mionchoigeartúcháin	Luach ainmniúil nó costas athcheannaigh	Éigeantach
5.4	5.4	**Oibríochtaí droim ar ais struchtúracha**	Idirbhearta droim ar ais lena gcoigeartaítear suíomh struchtúrach an Eurochórais vis-à-vis an earnáil airgeadais	Luach ainmniúil nó costas athcheannaigh	Éigeantach
5.5	5.5	**Saoráid iasachta imeallach**	Saoráid leachtachta thar oíche ag ráta úis réamhshonraithe i gcoinne sócmhainní incháilithe (saoráid sheasmhach)	Luach ainmniúil nó costas athcheannaigh	Éigeantach
5.6	5.6	**Creidmheas-anna a bhaineann le glaonna ar éarlais**	Creidmheas breise d'institiúidí creidmheasa, ag eascairt as méaduithe luacha ar shócmhainní foluiteacha maidir le creidmheas eile do na hinstitiúidí creidmheasa sin	Luach nó costas ainmniúil	Éigeantach

Mír den chlár comhardaithe ([2]) ([6])			Catagóiriú ábhar na míreanna den chlár comhardaithe	Prionsabal luachála	Raon feidhme ([3])
6	6	**Éilimh eile ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro, arna n-ainmniú in euro**	Cuntais reatha, taiscí téarma shocraithe, airgead ó lá go lá, idirbhearta athcheannaigh droim ar ais i dtaca le bainistiú punann urrús faoi mhír shócmhainne 7 'Urrúis chónaitheoirí an limistéir euro, arna n-ainmniú in euro', lena n-áirítear idirbhearta a eascraíonn as claochlú iar-chúlchistí airgeadra eachtraigh an limistéir euro agus as éilimh eile. Cuntais chomhfhreagracha in institiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro nach institiúidí creidmheasa intíre iad. Éilimh agus oibríochtaí eile nach mbaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais lena n-áirítear Cúnamh Leachtachta Éigeandála i bhfoirm iasachtaí comhthaobhaithe. Aon éilimh a eascraíonn as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a thionscain BCN sula ndeachaigh sé isteach san Eurochóras	Luach nó costas ainmniúil	Éigeantach
7	7	**Urrúis cónaitheoirí sa limistéar euro, arna n-ainmniú in euro**			
7.1	7.1	**Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgead-aíochta**	Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta (lena n-áirítear urrúis a cheannaítear chun críocha beartais airgeadaíochta atá á n-eisiúint ag eagraíochtaí fornáisiúnta nó idirnáisiúnta, nó ag bainc forbartha iltaobhacha, beag beann ar a suíomh geografach). Deimhnithe fiachais de chuid an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) a cheannaítear chun críocha mionchoigeartúcháin	(a) **Urrúis indíolta** Cuirtear san áireamh sna cuntais iad ag brath ar bhreithnithe beartais airgeadaíochta: (i) Margadhphraghas Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí (ii) Costas faoi réir bearnú (costas nuair a chumhdaítear an bearnú le soláthar faoi mhír dhliteanais 13.2 (a) 'Forálacha Eile'). Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach
				(b) **Urrúis neamh-indíolta** Costas faoi réir bearnú. Amúchtar aon phréimheanna nó lascainí	Éigeantach

Mír den chlár comhardaithe ([2]) ([6])			Catagóiriú ábhar na míreanna den chlár comhardaithe	Prionsabal luachála	Raon feidhme ([3])
